



# Taighde a Dhéanamh ar Luach an Spóirt in Éirinn

# LUACH AN SPÓIRT IN ÉIRINN



## CAITEACHAS TOMHALTÓIRÍ



**€3.3bn**

An tsuim a chaith daoine in Éirinn ar earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spóirt sa bhliain 2018.



Ba leis an spóirt a bhain 3.1% den chaiteachas tomhaltóirí iomlán in Éirinn sa bhliain 2018 (méadú ó 2% sa bhliain 2008).



Tá an geilleagar spóirt ag fás ar ráta níos gasta ná an geilleagar ina iomláine le 10 mbliana anuas.

## OLL-BHREISLUACH

**€3.7bn**

(Oll-bhreisluch) Luach iomlán an spóirt do gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2018.



Is iad na gnéithe rannpháirtíochta den spóirt a bhrúnn an geilleagar spóirt chun cinn

B'ionann rannchuidiú eacnamaíoch an spóirt agus 1.4% den Oll-bhreisluch iomlán sa bhliain 2018 (méadú ó 1.1% sa bhliain 2008).

Bheadh difear dearfach don gheilleagar ag gabháil le méadú beag i rátaí rannpháirtíochta.

Is dócha go mbeidh aon infheistíocht a bhfuil mar aidhm léi an rannpháirtíocht sa spóirt a mhéadú féinmhaoinitheach.



## FOSTAÍOCHT

**64,080**

An líon daoine a bhí fostaithe sa spóirt in Éirinn sa bhliain 2018.

Tá poist a bhaineann leis an spóirt freagrach as 2.8% den fhostaíocht ar fad in Éirinn, ar méadú é ó 2.1% sa bhliain 2008.



## OBAIR DHEONACH

**€1.5bn**

Luach eacnamaíoch measta na hoibre deonaí sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn sa bhliain 2018.



## HEALTH

**97,000**

An líon cásanna galair in Éirinn sa bhliain 2019 a coiscedh tríd an rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.

B'ionann agus €0.4bn glanluach na gcoigiltí cúraim sláinte agus na mórchoigiltí costais a baineadh amach sa bhliain 2019.



# CLÁR ÁBHAR

<b>ACHOIMRE FHEIDHMEACH</b>	<b>4</b>
<b>1. RÉAMHRÁ</b>	<b>7</b>
<b>2. FORBHREATHNÚ AR AN SPÓRT IN ÉIRINN</b>	<b>8</b>
<b>3. AN COMHTHÉACS BEARTAIS</b>	<b>10</b>
<b>4. TIONCHAR EACNAMAÍOCH AN SPÓIRT IN ÉIRINN</b>	<b>12</b>
4.1 Forbhreathnú ar an taighde agus struchtúr na rannán	12
4.2 Modheolaíocht	12
4.3 Príomhtháscairí eacnamaíocha	15
4.3.1 Caiteachas tomhaltóirí ar an spórt	15
4.3.2 Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt	17
4.3.3 Fostaíocht a bhaineann leis an spórt	18
4.3.4 Achoimre ar na príomhtháscairí	19
4.3.5 Achoimre ach praghsanna tairiseacha na bliana 2016 a úsáid	20
4.4. An éifeacht ar an airgeadas poiblí	21
4.5. Tionchar eacnamaíoch na hearnála pobail/neamhbhrabúis	22
4.6. Luach eacnamaíoch na hoibre deonaí sa spórt	24
4.7. An geilleagar spóirt i gcomhthéacs	25
<b>5. AN TIONCHAR SLÁINTE</b>	<b>27</b>
5.1 Comhthéacs	27
5.2 Cur chuige agus fionnachtana	27
5.2.1 Riochtaí sláinte	27
5.2.2 Leitheadúlacht galair	28
5.2.3 Sonraí faoi rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil	29
5.2.4 Na cásanna galair a coisceadh	30
5.2.5 Coigiltí costais	31
5.2.6 Gortuithe spóirt	33
5.2.7 Achoimre agus réamh-mheastacháin ar an tionchar sláinte	33
5.2.8 Eisiaimh	34
<b>6. ACHOIMRE AGUS MOLTAÍ</b>	<b>35</b>
6.1 Tionchar eacnamaíoch an spóirt	35
6.2 Tionchar sláinte an spóirt	36
6.3 Moltaí an taighde	36
6.3.1 An tionchar eacnamaíoch	36
6.3.2 An tionchar sláinte	37
6.3.3 An Toradh Sóisialta ar Infheistíocht	37
<b>Aguisín A:</b> Ceisteanna an tsuirbhé ar an spórt pobail	39
<b>Aguisín B:</b> Foinsí sonraí don tionchar eacnamaíoch	41

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

## Comhthéacs

---

Saináithníodh sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an gá le tuiscint níos doimhne a ghnóthú ar luach an spóirt in Éirinn agus ar na torthaí a sholáthraítear le hinfheistíocht an Rialtais sa spóirt ar fud réimsí beartais ábhartha, lena n-áirítear an tsláinte fhisiciúil, an mheabhairshláinte, an t-oideachas, an fhorbairt pobail, an ghníomhaíocht gheilleagrach, an turasóireacht, an choireacht, an bhallaíocht i gclubanna spóirt, agus an obair dheonach, i measc nithe eile. I bhfianaise an chúlra náisiúnta sin, choimisiúnaigh Spóirt Éireann an tlonad um Thaighde ar an Tionscal Spóirt (SIRC) in Ollscoil Sheffield Hallam chun clár taighde a dhéanamh ar mhaithe le luach an spóirt in Éirinn a mheasúnú. Is ann do dhá phríomhchuid den taighde sin.

- I gCuid 1, tugtar meastacháin úra ar **thionchar eacnamaíoch** an spóirt in Éirinn. Tugtar inti freisin luacháil eacnamaíoch ar an obair dheonach sa spóirt in Éirinn.
- I gCuid 2, déantar luacháil ar **thionchar sláinte** na rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn.

## Tionchar eacnamaíoch an spóirt

---

Tomhaiseadh tionchar eacnamaíoch an spóirt in Éirinn ach úsáid a bhaint as modheolaíocht na Cuntasaíochta loncaim Náisiúnta. Le modheolaíocht na Cuntasaíochta loncaim Náisiúnta, is féidir an geilleagar spóirt a imdhealú ina sheacht n-earnáil, mar atá: an earnáil tomhaltóirí; an earnáil spóirt tráchtála; an earnáil neamhspóirt tráchtála; an earnáil spóirt pobail/neamhbhrabúis; an earnáil rialtais áitiúil; an earnáil rialtais láir; agus an earnáil trádála idirnáisiúnta. Baintear úsáid as na cuntais ioncaim agus chaiteachais do na hearnálacha sin chun trí phríomhtháscaire eacnamaíocha a dhíorthú, mar atá: **caiteachas tomhaltóirí ar an spóirt; Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spóirt; agus fostaíocht a bhaineann leis an spóirt.**

Baineann na meastacháin ar an tionchar eacnamaíoch sa tuarascáil seo leis an mbliain 2018 agus tugtar cothrom le dáta leo an taighde roimhe a rinneadh ach úsáid a bhaint as modheolaíocht den chineál céanna don bhliain 2008. Is le fáil sa tábla ar an gcéad leathanach eile atá na figiúirí ceannlíne don tionchar eacnamaíoch don bhliain 2018, mar aon leis na staitisticí comhfhreagracha ón mbliain 2008.

## Caiteachas tomhaltóirí

---

B'ionann agus €3,341.6m, nó 3.1% den chaiteachas tomhaltóirí iomlán, an caiteachas tomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spóirt in Éirinn sa bhliain 2018. Ón mbliain 2008 i leith, tá fás ag teacht ar an gcaiteachas a bhaineann leis an spóirt i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán den chaiteachas tomhaltóirí foriomlán in Éirinn araon. Tháinig méadú ar an bhfigiúr deireanach sin ó 2.0% sa bhliain 2008 go 3.1% sa bhliain 2018.

Is ar rannpháirtíocht a dhírítear cuid mhór den chaiteachas tomhaltóirí ar an spóirt. Mar shampla, is iad 'síntiús le clubanna spóirt' (€622.9m), 'éadach agus coisbheart spóirt' (€568.8m), 'síntiúis le haclaíocht agus damhsa' (€490.9m), 'táillí iontrála a bhaineann le rannpháirtíocht' (€427.2m) agus 'earraí spóirt agus rothair' (€345.2m) na catagóirí is mó caiteachas.

## OLL-BHREISLUACH

---

B'ionann agus €3,671.8m, nó 1.4% den aschur iomlán in Éirinn, an breisluch a bhaineann leis an spóirt do gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2018. Tháinig fás ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann leis an spóirt ó €1,830.3m (1.1%) d'Oll-bhreisluch na hÉireann sa bhliain 2008. Faoi mar atá amhlaidh i gcás caiteachas tomhaltóirí, is fás é sin i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán den gheilleagar iomlán araon.

## Fostaíocht

B'ionann an líon daoine a bhí fostaithe sa spórt agus 64,080 duine sa bhliain 2018, a bhí cothrom le 2.8% den fhostaíocht ar fad in Éirinn. Tháinig méadú ar fhostaíocht a bhaineann leis an spórt ó bhunstaid a bhí cothrom le 2.1% den fhostaíocht in Éirinn sa bhliain 2008. Is fás é sin i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán araon. Is mó an sciar spóirt den fhostaíocht (2.8%) ná an sciar a bhaineann leis an spórt den Oll-bhreisluch (1.4%). Tá sé sin ag teacht leis an eispéireas san Eoraip, á léiriú go bhfuil an spórt ina uirlis éifeachtach beartais le haghaidh fostaíocht a ghiniúint. Is dócha go mbeidh sé sin éifeachtach go háirithe le linn tréimhsí ina bhfuil cúlú eacnamaíochta.

Ba í an earnáil pobail an earnáil ba mhó den fhostaíocht a bhaineann leis an spórt sa bhliain 2018, ag tacú di le 20,690 post nó 32% den fhostaíocht ar fad a bhaineann leis an spórt in Éirinn. Tacaíonn an earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála agus an earnáil phoiblí le 24%, 23% agus 21% faoi seach de na poist in Éirinn a bhaineann leis an spórt.

### Táscairí eacnamaíocha a bhaineann leis an spórt d'Éirinn

	2008	2018
<b>Caiteachas tomhaltóirí ar an spórt (€milliún)</b>	<b>1,885.6</b>	<b>3,341.6</b>
Caiteachas tomhaltóirí iomlán in Éirinn (€milliún)	93,863	106,977
<b>Céatadán de chaiteachas tomhaltóirí iomlán na hÉireann</b>	<b>2.0%</b>	<b>3.1%</b>
<b>Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt (€milliún)</b>	<b>1,830.3</b>	<b>3,671.8</b>
Olltáirgeacht náisiúnta iomlán in Éirinn (€milliún)	160,903	256,322
<b>Céatadán d'Oll-bhreisluch iomlán na hÉireann</b>	<b>1.1%</b>	<b>1.4%</b>
<b>Fostaíocht a bhaineann leis an spórt (000)</b>	<b>38.22</b>	<b>64.08</b>
Fostaíocht iomlán in Éirinn (000)	1,803	2,255
<b>Céatadán d'fhigiúirí fostaíochta iomlána na hÉireann</b>	<b>2.1%</b>	<b>2.8%</b>

## Luach eacnamaíoch na hoibre deonaí

Is é atá san obair dheonach ná ionchur neamhairgeadais chun tacú leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil agus toradh i dtaca leis an luach neamh-mhargaidh a ghintear d'eagraíochtaí spóirt a bhaineann úsáid as oibríthe deonacha. Meastar luach eacnamaíoch na hoibre deonaí sa spórt in Éirinn sa bhliain 2018 a bheith cothrom le €1.5 billiún, figiúr arb ionann é agus méadú suntasach ón mbliain 2008 (€0.3-€0.6 billiún).

## Tionchar sláinte an spóirt

Meastar gur coisceadh breis agus 97,000 cás galair in Éirinn sa bhliain 2019 mar thoradh ar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Is ionann é sin agus €0.5 billiún, beagnach, i gcoigiltí cúraim sláinte agus i mórchoigiltí costais. Measadh costas barúlach na ngortuithe spóirt a bheith cothrom le thart ar €93 mhilliún. Dá bhrí sin, b'fhiú an glanghnóthachan sa tsláinte thart ar €0.4 billiún. Meastar go bhfuil seans ann go méadófar luach na dtairbhí sláinte tuilleadh fós go níos mó ná €0.5 billiún má mhéadaítear ó 34% go 45% an céatadán d'aosaigh Éireannacha a bhíonn ag tabhairt faoin leibhéal molta gníomhaíochta.

Tá tionchar intomhaiste ag an spórt agus ag gníomhaíocht fhisiciúil ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na rannpháirtithe in Éirinn a bhaineann na Treoirí Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil amach (níos mó ná 150 nóiméad in aghaidh na seachtaine).

Gan na meastacháin airgid sin a áireamh, tá fianaise eolaíoch ag teacht chun cinn ina leagtar béim ar na tairbhí sláinte a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh le linn phaindéim Covid-19. Cé nach féidir i láthair na huairé na tairbhí sláinte sin a luacháil ar an dóigh chéanna a luacháiltear galair neamhtheagmhálacha, tugtar tuilleadh fianaise iontu ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil rialta a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus í a chur ar áireamh i ngnáthchúram leighis chun an tionchar atá ag paindéimí a mhaolú.

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar na meastacháin cheannlíne do thionchar sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla in Éirinn sa bhliain 2019.

#### Achoimre ar an tionchar sláinte d'Éirinn

Ríocht	Cásanna a Coisceadh	Coigiltí costais (€m)
Galar corónach croí (GCC) / stróc	9,429	105.98
Ailse chíche	213	13.46
Ailse dhrólainne	116	7.34
Diaibéiteas chineál 2	22,306	122.25
Bristeacha cromáin	776	12.91
Pian droma	32,133	8.44
<b>Iomlán na Sláinte Fisiciúla</b>	<b>64,973</b>	<b>270.38</b>
Néaltrú	5,342	97.72
Dúlagar	26,996	130.25
<b>Iomlán na Meabhairshláinte</b>	<b>32,338</b>	<b>227.97</b>
<b>IOMLÁN FORIOMLÁN</b>	<b>97,311</b>	<b>498.35</b>
<i>Lúide: Gortuithe spóirt</i>		(93.07)
<b>GLANLUACH</b>		<b>405.28</b>

## Conclúid

Léirítear i dtorthaí an taighde seo a thábhachtaí atá an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil do gheilleagar na hÉireann. Léirítear sa tuarascáil seo gur gineadh caiteachas tomhaltóirí suntasach, Oll-bhreisluch suntasach agus fostaíocht shuntasach d'Éirinn ón spóirt agus ó ghníomhaíocht fhisiciúil sa bhliain 2018. Tháinig méadú i ndáiríre ón mbliain 2008 i leith ar a thábhachtaí atá na táscairí sin. Ina theannta sin, tá fostaíocht a bhaineann leis an spóirt ag fás ar ráta atá níos gasta ná an fás fostaíochta foriomlán in Éirinn agus, ón mbliain 2008 i leith, tá sí ag fás ar ráta atá níos gasta ná an ráta ar a bhfuil an tOll-bhreisluch a bhaineann leis an spóirt ag fás, rud lena léirítear ról an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla i bpoist agus aschur a ghiniúint agus a chothabháil.

Léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil tionchar intomhaiste suntasach ag an spóirt agus ag gníomhaíocht fhisiciúil ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na rannpháirtithe in Éirinn a bhaineann na Treoirí Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil amach (níos mó ná 150 nóiméad in aghaidh na seachtaine). Tugtar tuilleadh fianaise sna tairbhí sláinte ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil rialta a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus í a chur ar áireamh i ngnáthchúram leighis chun an tionchar atá ag paidéimí a mhaolú.

Sainaitníodh sa *Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027*<sup>1</sup> an gá le tuiscint níos doimhne a ghnóthú ar luach an spóirt in Éirinn agus ar na torthaí a sholáthraítear le hinfheistíocht an Rialtais sa spórt ar fud réimsí beartais ábhartha, lena n-áirítear an tsláinte fhisiciúil, an mheabhairshláinte, an t-oideachas, an fhorbairt pobail, an ghníomhaíocht gheilleagrach, an turasóireacht, an choireacht, an bhallaíocht i gclubanna spóirt, agus an obair dheonach, i measc nithe eile. I bhfianaise an chúlra náisiúnta sin, choimisiúnaigh Spórt Éireann an tlonad um Thaighde ar an Tionscal Spóirt (SIRC) in Ollscoil Sheffield Hallam chun clár taighde a dhéanamh ar mhaithe le luach an spóirt in Éirinn a mheasúnú. Is ann do dhá phríomhchuid den taighde sin.

- I gCuid 1, tugtar meastacháin úra ar **thionchar eacnamaíoch** an spóirt in Éirinn ach úsáid a bhaint as modheolaíocht na Cuntasáíochta Ioncaim Náisiúnta. Tugtar inti freisin luacháil eacnamaíoch ar an obair dheonach sa spórt in Éirinn.
- I gCuid 2, déantar luacháil ar **thionchar sláinte** na rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn.

Tá ag foireann SIRC agus ag údair na tuarascála seo cuntas teiste cruthaithe ar chineálacha cur chuige a cheapadh chun luach an spóirt a thomhas ó thaobh a thorthaí eacnamaíocha, a thorthaí sláinte agus a thorthaí leathana de. Sholáthair SIRC an creat modheolaíochta agus na scileanna anailíse sonraí sa chéad scrúdú ar luach eacnamaíoch an spóirt in Éirinn (2010). Rinneamar taighde den chineál céanna sa Ríocht Aontaithe do chomhlachtaí amhail an Department for Digital, Culture, Media and Sport, UK Sport, Sport England, Sport Wales agus Spórt Thuaisceart Éireann agus ar leibhéal idirnáisiúnta do thíortha amhail an Liotuáin, an Bheilg, an Mhalaeisia, an tSeapáin, an Astráil agus an Tuirc. D'imir SIRC ról lárnach in dhá Chuntas Satailíte Spóirt Eorpacha ar choimisiúnaigh an Coimisiúin Eorpach iad sna blianta 2012 agus 2018. Ina theannta sin, tá taithí ag foireann SIRC ar mhórmheasúnuithe a dhéanamh ar luach an spóirt ach úsáid a bhaint as anailís ar an Toradh Sóisialta ar Infheistíocht.



<sup>1</sup> <https://assets.gov.ie/15979/04e0f52cee5f47ee9c01003cf559e98d.pdf>

# FORBHREATHNÚ AR AN SPÓRT IN ÉIRINN

## 2

Is é Spórt Éireann an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as an spórt in Éirinn a chur chun cinn agus a fhorbairt. Áirítear leis sin rannpháirtíocht sa spórt, an spórt ardfheidhmíochta, an fhrithdhópáil, an chóitseáil agus forbairt Champas Spórt Éireann. Oibríonn Spórt Éireann le 66 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt, lena gcuid clubanna agus leis na 400,000 duine d'oisirthe deonacha agus de riarthóirí atá acu chun struchtúr éifeachtach spóirt a fhorbairt. Is iad na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sin, na clubanna sin agus na hoibrithe deonacha sin bunchloch an spóirt in Éirinn. Oibríonn Spórt Éireann le soláthraithe spóirt pobail freisin agus déanann sé amhlaidh trína líonra de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt go príomha. Tá an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ina chuid dhilis de sholáthar an spóirt in Éirinn freisin. Sa bhliain 2019, ghlac níos mó ná leathmhilliún duine ó phobail ar fud na hÉireann páirt i ndeiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar eagraigh Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad. Tá ag méadú ar an ról atá ag an earnáil phríobháideachsaighdiúir singil/commercial agus ag cóitseálaithe gairmiúla i roinnt gnéithe den soláthar spóirt. Tá comhoibriú le Spórt Thuaisceart Éireann ar bun ag Spórt Éireann le fada an lá ar mhaithe le córas folláin spóirt uile-oileáin a thógáil.

Rinne Éire glacadh agus oiriúnú ar an sainmhíniú a thug Comhairle na hEorpa ar an spórt<sup>2</sup>, atá mar a leanas anois: “ciallaíonn an spórt gach cineál gníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo, trí rannpháirtíocht ócáideach nó eagraithe, acmhainn fhisiciúil agus folláine meabhrach a léiriú nó a fheabhsú, caidreamh sóisialta a chruthú nó torthaí a bhaint amach ar gach leibhéal comórtais”. Mar thoradh ar an oiriúnú, tháinig ar dhá shnáithe ar leith, mar atá ‘an spórt áineasa’ agus ‘an spórt iomaíoch’, a shainmhínítear mar a leanas san Acht um Spórt Éireann, 2015<sup>3</sup>:

- ciallaíonn ‘an spórt áineasa’ “gach cineál gníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo, trí rannpháirtíocht ócáideach nó rialta, — (a) acmhainn fhisiciúil agus folláine meabhrach a léiriú nó a fheabhsú, agus (b) caidreamh sóisialta a chruthú;”
- ciallaíonn ‘an spórt iomaíoch’ “gach cineál gníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo, trí rannpháirtíocht eagraithe, — (a) acmhainn fhisiciúil a léiriú nó a fheabhsú, agus (b) torthaí feabhsaithe a bhaint amach ar gach leibhéal comórtais”.

Is é Monatóir Spóirt na hÉireann an príomhshuibhé a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn. Suirbhé ionadaíoch ar dhaoine in Éirinn atá 16 bliana d’aois agus níos sine is ea Monatóir Spóirt na hÉireann. Fiafraítear inti de fhreagraithe faoina ngníomhaíocht le seacht lá anuas maidir leis an spórt, le siúl áineasa agus le siúl nó rothaíocht mar mhodh iompair. Fiafraítear díobh freisin faoina mballraíocht de chlubanna, faoina bhfreastal ar imeachtaí spóirt agus faoi aon ról oibre deonaí a bhfuil baint acu leo. I dTábla 2.1, léirítear na sonraí le haghaidh na gcineálacha difriúla rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn ó bhabhta na bliana 2019 de Mhonatóir Spóirt na hÉireann agus cuirtear i gcomparáid iad le sonraí bhabhta na bliana 2008.

Tábla 2.1: An spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn, 2008 v 2019

Cineál rannpháirtíochta	2008 <sup>4</sup>	2019 <sup>5</sup>	Athrú
Spórt a imirt go rialta	31%	46%	+15%
Siúl áineasa	58%	66%	+8%
Siúl mar mhodh iompair	50%	45%	-5%
Rothaíocht mar mhodh iompair	14%	10%	-4%
Obair go deonach don spórt go rialta	8%	12%	+4%
Ballraíocht de club	32%	36%	+4%
Freastal ar imeacht spóirt	15%	19%	+4%

Ghlac thart ar 46% de na daoine sa daonra a bhí 16 bliana d’aois agus níos sine páirt sa spórt go rialta sa bhliain 2019 (figiúr atá coibhéiseach le 1.7 milliún duine). Is méadú é sin ó 31% sa bhliain 2008. De bhreis ar an spórt, shiúil 66% díobh go rialta le haghaidh áineasa, shiúil 45% díobh mar mhodh iompair agus rinne 10% díobh rothaíocht mar mhodh

<sup>2</sup> [https://search.coe.int/cm/Pages/result\\_details.aspx?ObjectID=09000016804c9dbb](https://search.coe.int/cm/Pages/result_details.aspx?ObjectID=09000016804c9dbb)

<sup>3</sup> <https://www.oireachtas.ie/en/bills/bill/2014/85/>

<sup>4</sup> <https://www.esri.ie/system/files/media/file-uploads/2015-07/BKMNEXT155.pdf>

<sup>5</sup> <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf>



iompair. Tháinig méadú de thart ar 8 bpointe céatadáin ar an gcéatadán de shiúlóirí áineasa ó bhí an bhliain 2008 ann, cé gur tháinig laghdú ar an gcéatadán de dhaoine a bhí ag siúl/ag rotháíocht mar mhodh iompair. Faoi mar atá amhlaidh i gcás rannpháirtíochta gníomhaí sa spórt, tháinig méadú freisin ar an gcéatadán de dhaoine a bhí ag tabhairt faoi rannpháirtíocht de chineál sóisialta sa spórt (freastal ar imeachtaí spóirt, ballraíocht de chlub nó obair dheonach) idir an bhliain 2008 agus an bhliain 2019.

Léirítear i dTábla 2.2 cén t-athrú atá tagtha le himeacht ama ar na cineálacha gníomhaíochta spóirt is mó tóir. Tríd is tríd, is í rannpháirtíocht mhéadaithe in aclaíocht phearsanta (a chuimsíonn gníomhaíochtaí spórtlannbhunaithe go príomha) an phríomhthoisic a bhrúnn leibhéal mhéadaithe ghníomhaíochta chun cinn. Tháinig méadú ar rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht sin ó 6% sa bhliain 2008 go 16% sa bhliain 2019. Tháinig méadú freisin ar rannpháirtíocht i reathaíocht/jagáil (méadú a bhí cothrom le ceithre phointe céatadáin), i snámh (méadú a bhí cothrom le trí phointe céatadáin), i rotháíocht (méadú a bhí cothrom le dhá phointe céatadáin) agus i ndamhsa (méadú a bhí cothrom le dhá phointe céatadáin). I gcodarsnacht leis sin, tháinig laghdú ar an rannpháirtíocht i ngalf (laghdú a bhí cothrom le trí phointe céatadáin) agus i sacar (laghdú a bhí cothrom le dhá phointe céatadáin). Tá gluaiseacht ann i dtreo spóirt an duine aonair agus tá laghdú coibhneasta ann i rannpháirtíocht i spóirt fhoireannbhunaithe.

**Tábla 2.2: Na gníomhaíochtaí spóirt is mó tóir in Éirinn, 2008 v 2019**

2008 <sup>6</sup>		2019 <sup>7</sup>	
Gníomhaíocht	%	Gníomhaíocht	%
Snámh	6	Aclaíocht phearsanta	16
Aclaíocht phearsanta	6	Snámh	9
Sacar	5	Reathaíocht	7
Galf	5	Rothaíocht	4
Jagáil	3	Sacar	3
Peil Ghaelach	2	Ióga	3
Rothaíocht	2	Damhsa	3
Iománaíocht	2	Galf	2
Rugbaí	2	Peil Ghaelach	2
Damhsa	1	Tógáil Meáchain	2

Tá an fhaisnéis is cuimsithí faoi iompraíochtaí gníomhaíochta fisiciúla i leanaí ar aois scoile in Éirinn ar fáil ón staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil. Bhí staidéar na bliana 2018 ina ghníomh leantach ar staidéar na bliana 2010 agus iniúchadh ann rannpháirtíocht sa spórt, i ngníomhaíocht fhisiciúil agus i gcorpoideachas i measc leanaí idir 10 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois ar oileán na hÉireann. Tá achoimre le fáil thíos ar na fionnachtana ceannlíne do Phoblacht na hÉireann.

- Bhain 13% de leanaí na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil amach maidir le gníomhaíocht fhisiciúil atá idir measartha agus dian a dhéanamh ar feadh 60 nóiméad ar a laghad gach lá (17% de dhaltaí bunskoile agus 10% de dhaltaí iar-bhunskoile). Is ísle na figiúirí sin ná na figiúirí 19% agus 12% a taifeadadh i mbunskoileanna agus in iar-bhunskoileanna faoi seach sa bhliain 2010.
- Ghlac 80% de dhaltaí bunskoile agus 58% de dhaltaí iar-bhunskoile páirt sa spórt pobail uair amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine, i gcomparáid le 79% agus 64% faoi seach díobh sa bhliain 2010.
- Ghlac 70% de dhaltaí bunskoile agus 63% de dhaltaí iar-bhunskoile páirt sa spórt scoile uair amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine. I gcomparáid leis an mbliain 2010, b'ionann é sin agus méadú 7% do dhaltaí bunskoile ach b'ionann é agus laghdú 10% do dhaltaí iar-bhunskoile.
- Thuairiscigh 18% de dhaltaí bunskoile go raibh Corpoideachas á fháil acu ar feadh 30 nóiméad nó níos lú in aghaidh na seachtaine sa bhliain 2018, i gcomparáid le 22% díobh sa bhliain 2010. Thuairiscigh 23% de dhaltaí iar-bhunskoile go raibh siad ag baint amach na híos-sprice molta ón Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh Corpoideachais, mar atá é a dhéanamh ar feadh 120 nóiméad ar a laghad in aghaidh na seachtaine san iar-bhunskoil. I gcomparáid leis an mbliain 2010, is ionann na figiúirí sin agus méadú ó 10% ar leibhéal na hiar-bhunskoile.
- Taistealaíonn ceathrar as gach deichniúr daltaí ar scoil go gníomhach. I gcás daltaí bunskoile, is méadú suntasach é sin ón triúr as gach deichniúr a rinne amhlaidh sa bhliain 2010.

<sup>6</sup> <https://www.esri.ie/system/files/media/file-uploads/2015-07/BKMNEXT155.pdf>

<sup>7</sup> <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf>

# AN COMHTHÉACS BEARTAIS

# 3

Sa Bheartas Náisiúnta Spóirt ar fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é sa bhliain 2018, leagtar amach an creat beartais phoiblí le haghaidh an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn a fhorbairt. Tá an fhís seo a leanas le haghaidh spóirt na hÉireann sa bhliain 2027 mar bhonn agus thaca aige (lch 18):

*De thoradh a rannpháirtíochta gníomhaí nó sóisialta féin sa spóirt agus de thoradh a fheabhas is a éireoidh leis na lúthchleasaithe is fearr againn i gcomórtais, beidh inspioráid ag daoine, saibhreofar a saol, breiseofar a dtaitneamh, agus feabhsófar caighdeán a mbeatha. Beidh ardmheas ar gach eintiteas inár bpobal spóirt mar gheall ar cháilíocht a bhfoirne agus a n-oibríthe deonacha, a gcaighdeán rialachais, a n-eitic agus a gcuntasacht, agus a spiorad comhair, le páirtithe lasmuigh den earnáil spóirt san áireamh.*

Sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, sainaithnítear 57 ngníomh a bhfuil mar aidhm leo na trí sprioc ardleibhéil luaite atá aige a bhaint amach, mar atá 'Rannpháirtíocht Mhéadaithe'; 'Tuilleadh Sármhaitheasa'; agus 'Inniúlacht Fheabhsaithe'. Iarrtar sa sprioc 'Rannpháirtíocht Mhéadaithe' de chuid an Bheartais Náisiúnta Spóirt go nglacfaidh céatadán i bhfad níos airde de leanaí agus aosáigh in Éirinn ó gach earnáil sa tsochaí páirt rialta i ngach cineál rannpháirtíochta gníomhaí agus sóisialta sa spóirt. Tá breac-chuntas le fáil thíos ar na príomhtháscairí feidhmíochta atá bainteach leis an sprioc sin agus ar na spriocanna gaolmhara don bhliain 2027.

1. An líon aosach a imríonn spóirt go rialta (gan siúl áineasa a áireamh) a mhéadú go 60%.
2. An grádán rannpháirtíochta gníomhaí sa spóirt atá ann idir fir agus mná a laghdú go 0%.
3. An leibhéal neamhghníomhaíochta i measc aosach (nach nglacann páirt sa spóirt ná i siúl áineasa go rialta) a laghdú go 15%.
4. Líon méadaithe leanaí a imríonn spóirt go rialta (tá an sprioc le comhaontú).
5. An líon aosach a ghlacann páirt sa spóirt go sóisialta trí obair go deonach, ballraíocht de chlub agus/nó freastal a mhéadú go 55%.

Rannchuidíonn an taighde seo le Gníomh 35 agus Gníomh 37 atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt:

Uimh. 35: Forbróidh Spóirt Éireann straitéis taighde don spóirt, rud lena bpléifear le gach eagraíocht thábhachtach a oibríonn laistigh den earnáil. Ba cheart go gcabhródh an straitéis le caidrimh níos foirmiúla agus níos struchtúrtha a chruthú idir an cleachtas, an córas beartais agus pobail taighde chun a chinntiú go ndíreofar na hacmhainní teoranta atá ar fáil i ngach fearann ar thuiscint níos fearr a ghnóthú ar na príomhshaincheisteanna beartais a bhaineann leis an spóirt, agus réitigh níos fearr ar na dúshláin a bhféachaimid le haghaidh a thabhairt orthu á bhforbairt dá bharr sin. Cinnteoimid go scaipfead faisnéis taighde agus meastóireachta ar bhonn níos leithne ar fud an chórais spóirt. Chuige sin, forbróidh Spóirt Éireann stór taighde agus sonraí spóirt ar líne.

Uimh. 37: Chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar thionchar infheistíochta an Rialtais sa spóirt, forbróimid, i gcomhairle leis na heagraíochtaí ionadaíocha spóirt, córais faisnéise níos comhordaithe ar fud na hearnála, rud lena dtabharfar deis don Roinn, do Spóirt Éireann, do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt tuiscint iomlán a ghnóthú ar thionchar a n-infheistíochtaí.

Tá comhsheasmhacht anailíseach agus straitéiseach ann idir an Beartas Náisiúnta Spóirt agus *Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann, 2018 go 2022*<sup>8</sup>. Liostaítear i ndoiciméad Straitéis Spóirt Éireann 16 chuspóir atá bainteach leis na colúin seo: 'rannpháirtíocht' (cuspóirí 1-4), 'feidhmíocht' (cuspóirí 5-8), 'ardfheidhmíocht' (cuspóirí 9-12) agus 'rialachas' (cuspóirí 13-16). Tá an taighde seo ag teacht le Cuspóir 2 agus Cuspóir 15 de Straitéis Spóirt Éireann:

Cuspóir 2: Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht méadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spóirt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

<sup>8</sup> [https://www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-10/sport-ireland-statement-of-strategy-2018-2022\\_0.pdf](https://www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-10/sport-ireland-statement-of-strategy-2018-2022_0.pdf)

Cuspóir 15: Na Cláir Taighde agus Mheastóireachta a leathnú mar acmhainn ríthábhachtach maidir leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a fhorbairt de réir a chéile.

Sainaithnítear i *bPlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann 2021-2024*<sup>9</sup> conas a chomhlíonfaidh Spórt Éireann uailmhianta Straitéis nua Spórt Éireann agus an Bheartais Náisiúnta Spóirt. Cuirtear san áireamh ann freisin *Éire Shláintiúil 2013-2025*<sup>10</sup> – an creat náisiúnta le haghaidh sláinte agus folláine daoine a chónaíonn in Éirinn a fheabhsú – agus an *Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn*<sup>11</sup>. Is é seo an sprioc uileghabhálach atá ag an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil: *an céatadán den daonra ar fud gach céime den saol a bhíonn ag tabhairt faoi gníomhaíocht fhisiciúil ar bhonn rialta a mhéadú faoi 1% in aghaidh na bliana ar fud thréimhse feidhme Éire Shláintiúil* (lch 13). Leagtar amach sa Phlean sin ocht réimse gníomhaíochta théamacha agus tacar 60 gníomh le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta i ngníomhaíocht fhisiciúil a spreagadh.

Rannchuidíonn Cuid 2 den taighde seo le pointe 55 atá liostaithe faoin téama 'Taighde, Faireachán agus Meastóireacht' i réimse gníomhaíochta 7:

Tag. 55: Taighde a dhéanamh ar chostais eacnamaíochta na neamhghníomhaíochta in Éirinn/ar thairbhí na hinfheistíochta i ngníomhaíocht fhisiciúil mar straitéis choisctheach.

<sup>9</sup> [https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2021-05/plan\\_final\\_eng-000001.pdf](https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2021-05/plan_final_eng-000001.pdf)

<sup>10</sup> <https://www.gov.ie/en/publication/e8f9b1-health-ireland-framework-2019-2025/>

<sup>11</sup> <https://assets.gov.ie/7563/23f51643fd1d4ad7abf529e58c8d8041.pdf>

## 4.1 Forbheathnú ar an taighde agus struchtúr na rannán

Mínítear sa taighde sa rannán seo ról eacnamaíoch agus tábhacht eacnamaíoch an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla in Éirinn sa bhliain 2018. Déantar cur síos sa taighde ar na príomhtháscairí le haghaidh tionchar eacnamaíoch an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla in Éirinn, atá mar a leanas: caiteachas tomhaltóirí, Oll-bhreisluch; agus fostaíocht. Is iad an earnáil tomhaltóirí, an earnáil pobail/neamhbhrabúis, an earnáil phoiblí agus an earnáil tráchtála príomhfhoinsí an tionchair eacnamaíoch sin. Leis na fionnachtana a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, saináithnítear an méid a rannchuidíonn an spóirt agus gníomhaíocht fisiciúil le forbairt gheilleagrah na hÉireann.

I staidéir a rinneadh roimhe, tomhaiseadh luach an spóirt in Éirinn ar bhealach comhchosúil, trí chaiteachas tomhaltóirí, trí Oll-bhreisluch agus trí fostaíocht. Ba é an chéad staidéar ina ndearnadh an méid sin ná tuarascáil Indecon-SIRC inar imscrúdaíodh luach an spóirt in Éirinn sa bhliain 2008<sup>12</sup>. Imscrúdaíodh na táscairí eacnamaíocha sin freisin i dtuarascáil níos déanaí fós a rinne Investec<sup>13</sup>, á léiriú gur tháinig méadú ón mbliain 2008 i leith ar an sciar de chaiteachas tomhaltóirí ar an spóirt mar chéatadán den chaiteachas tomhaltóirí iomlán. Baintear úsáid sa tuarascáil seo as an modheolaíocht chéanna ar baineadh úsáid aisti i dtuarascáil Indecon-SIRC agus déanfar roinnt anailíse comparáidí inti ar thorthaí na bliana 2008 chun an t-athrú i dtábhacht an spóirt i ngeilleagar na hÉireann thar thréimhse deich mbliana a léiriú.

Tá leagan amach an rannáin ar an tionchar eacnamaíoch mar a leanas:

- Leagtar an mhodheolaíocht amach i rannán 4.2;
- Cuirtear príomhtháscairí an Oll-bhreislucha, na fostaíochta agus an chaiteachais tomhaltóirí ar an earnáil spóirt i láthair i rannán 4.3;
- Cuirtear an phríomhinfheistíocht sa spóirt le linn na bliana 2018 agus an impleacht don airgeadas rialtais i láthair i rannán 4.4;
- Cuirtear príomhthorthaí na hearnála pobail/neamhbhrabúis i láthair i rannán 4.5;
- Cuirtear meastóireacht airgeadaíoch ar an obair dheonach sa spóirt ar áireamh i rannán 4.6; agus,
- Cuirtear tábhacht eacnamaíoch an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla in Éirinn i gcomparáid le hearnálacha tionsclaíocha eile i rannán 4.7.
- Déantar achoimre i rannán 4.8 ar na príomhfionnachtana.

Baintear úsáid as ‘an spóirt’ agus ‘an geilleagar spóirt’ ar fud na tuarascála seo mar théarmaí uileghabhálacha chun an spóirt agus gníomhaíocht fisiciúil a chur ar áireamh. Tá croí an tsainmhínte ar an ngeilleagar spóirt ag teacht leis an gceann sin ar baineadh úsáid as i dtuarascáil 2010 ó Indecon-SIRC. I gcás go mbeidh míreanna breise á mbreithniú, luaitear iad sin sna rannáin ábhartha den tuarascáil.

## 4.2 Modheolaíocht

Sa tsamhail measúnachta tionchair eacnamaíoch a mbaineann SIRC úsáid aisti, baintear leas as athróga eacnamaíocha ó staitisticí oifigiúla mar ionchur bunúsach di. Dá bhrí sin, níl aon ghá ann le sonraí príomhúla a bhailiú, cé is moite den earnáil pobail/neamhbhrabúis. Is é modheolaíocht na Cuntasaíochta loncaim Náisiúnta an creat le haghaidh na samhla sin, rud atá ag teacht le Cuntais Náisiúnta na hÉireann.

### Cuntasaíocht loncaim Náisiúnta

Forbraíodh coincheapa na Cuntasaíochta loncaim Náisiúnta le haghaidh anailís mhaicreacnamaíoch san 20ú haois. Is é an bunphrionsabal ná go bhfuil cothroime cuntasaíochta ann idir an t-ascúr iomlán, an t-ioncam iomlán agus an caiteachas iomlán. Is iad an Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus an tOll-bhreisluch na sainmhínte is coitianta ar ascúr iomlán sa gheilleagar ina iomláine. Mar shampla, cuir i gcás gurb é €100m an t-ascúr iomlán i monarcha ina dtáirgtear bróga peile. Tá an figiúr sin coibhéiseach leis an gcaiteachas ar phá (deirimis €60m), le sreabha chuig na cuideachtaí a dhiolann ionchuir a theastaíonn sa táirgeadh (deirimis €30m) agus le brabús (deirimis €10m). Sa sampla seo, is é an tOll-bhreisluch suim an phá agus an bhrabúis. Ina theannta sin, is ionann an t-ioncam iomlán agus an caiteachas iomlán toisc gur mar chaiteachas infheistíochta a chaitear leis an ascúr nach ndíoltar sa bhliain airgeadais reatha.

<sup>12</sup> [https://www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-10/assessment-of-the-economic-impact-of-sport-in-ireland-2010\\_0.pdf](https://www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-10/assessment-of-the-economic-impact-of-sport-in-ireland-2010_0.pdf)

<sup>13</sup> [https://www.irishsport.ie/wp-content/uploads/2019/10/Investec\\_ONLINE.pdf](https://www.irishsport.ie/wp-content/uploads/2019/10/Investec_ONLINE.pdf)

Le modheolaíocht na Cuntasaíochta Ioncaim Náisiúnta, is féidir an geilleagar spóirt a imdhealú ina sheacht n-earnáil, mar atá leagtha amach thíos.

- Áirítear leis an **earnáil tomhaltóirí** an earnáil daoine aonair nó teaghlach. Léirítear san earnáil seo an caiteachas a bhaineann leis an spóirt i measc teaghlach, e.g. caiteachas ar bhallaíocht de chlubanna spóirt, trealamh spóirt, agus éadach agus coisbheart spóirt.
- Áirítear leis an **earnáil spóirt tráchtála** na monaróirí spóirt agus na miondíoltóirí spóirt. Sa rannán seo, cuirimid cuideachtaí spóirt amhail O'Neills ar áireamh; cuirimid ar áireamh freisin an chuid de na meáin a bhaineann le teilifís spóirt, foilseacháin spóirt agus spórtlanna atá faoi úinéireacht phríobháideach.
- Áirítear leis an **earnáil neamhspóirt tráchtála** soláthraithe eile a bhfuil baint acu le hearraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spóirt a tháirgeadh. Áirítear leis an earnáil sin cuideachtaí tráchtála nach soláthraíonn táirge spóirt ach a thugann cabhair trí ionchuir nó ioncam a sholáthar le linn é a tháirgeadh. Áirítear le samplaí: gnóthas atá ag déanamh urraíocht ar fhoireann nó ar chlub (lena n-áirítear foirne oibrithe deonacha); an t-éileamh ar amhábhair arna ghiniúint ag na tionscadail foirgníochta a dtugann clubanna spóirt fúthu; riachtanais fóntais; seirbhísí dlí; seirbhísí airgeadais; seirbhísí teicneolaíocht faisnéise; i measc nithe eile. I gcás urraíochta, is ionann an t-ioncam a fhaigheann an club agus sreabh ón earnáil neamhspóirt tráchtála chuig an earnáil spóirt pobail/neamhbhrabúis thíos.
- Áirítear leis an **earnáil spóirt pobail/neamhbhrabúis**<sup>14</sup> eagraíochtaí spóirt amhail clubanna amaitéaraacha spóirt a réachtálann a rannpháirtithe iad. Áirítear léi freisin an mhórearnáil clubanna atá faoi choimirce Spóirt Éireann. Tá deontais rialtais mar chuid den ioncam san earnáil sin. Éiríonn míreanna caiteachais tomhaltóirí amhail ballraíocht de chlub ina n-ioncam sna cuntais earnála pobail. Sa tuarascáil seo, is fostaíocht íochta í aon fhostaíocht a bhaineann leis an earnáil pobail. Is fíor go bhfaigheann an fhostaíocht sin tacaíocht ó shaothar neamhíochta. Dá ainneoin sin, níl saothar neamhíochta ina chuid den anailís eacnamaíoch as a dtagann Oll-bhreisluch agus fostaíocht. Tugtar meastachán ar 'luach' an tsaothair neamhíochta ar leithligh ó na príomhtháscáirí.
- Áirítear leis an **earnáil rialtais áitiúil** ioncam ó shaoráidí spóirt, deontais a bhaineann leis an spóirt ón earnáil rialtais láir agus rátaí ón earnáil tráchtála agus ón earnáil pobail. Tá ag an earnáil seo costais amhail pá as saothar (sreabh i dtreo tomhaltóirí) agus infheistíocht chaipitil.
- Áirítear leis an **earnáil rialtais láir** cánacha, deontais agus pá ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an spóirt. Mar shampla, taifeadtar ticéad a cheannach le haghaidh cluiche peile mar dhá shreabh: ceann amháin i dtreo na hearnála rialtais mar Cháin Bhreislucha (CBL), agus ceann eile i dtreo na hearnála spóirt tráchtála don chuid eile den phraghas. Áirítear leis an Earnáil Rialtais Láir an t-oidreachas spóirt a mhaoiniú, lena n-áirítear bunscoileanna agus meánscoileanna.
- Áirítear leis an **earnáil trádála idirnáisiúnta** na hidirbhearta uile le geilleagair lasmuigh d'Éirinn (e.g. an turasóireacht isteach).

Taifeadaimid sreabha ioncaim agus caiteachais sna seacht n-earnáil thuas. Mar thoradh air sin, is féidir linn tacar cuntas ioncaim agus caiteachais a tharraingt suas le haghaidh gach earnála. Baintear úsáid as cleachtas cuntasaíochta 'na hiontrála dúbailte'. Dá bhrí sin, is sreabh ioncaim i gcuntais earnáil B atá i ngach sreabh caiteachais ó earnáil A chuig earnáil B. Chun an méid sin a léiriú, taispeántar i bhFíor 4.1 cineál leathan na n-idirghníomhaíochtaí idir seacht n-earnáil an gheilleagair spóirt.

**Fíor 4.1 Cineál na sreabh ioncaim agus caiteachais sa gheilleagar spóirt - creat na Cuntasaíochta Ioncaim Náisiúnta**

		IONCAM CHUCU SEO						
		An earnáil tomhaltóirí	An earnáil spóirt tráchtála	An earnáil neamhspóirt tráchtála	An earnáil spóirt pobail	An earnáil rialtais áitiúil	An earnáil rialtais láir	An earnáil trádála idirnáisiúnta
<b>CAITEACHAS UATHU SEO</b>	An earnáil tomhaltóirí		Earraí spóirt	Taisteal imeachtaí	Táillí iontrála	Síntiúis	Cánacha	Allmhairí
	An earnáil spóirt tráchtála	Pá		Amhábhair	Urraíocht	Rátaí	Cánacha	Allmhairí
	An earnáil neamhspóirt tráchtála	Pá	Fógraíocht		Urraíocht	Rátaí	Cánacha	Allmhairí
	An earnáil spóirt pobail	Pá	Trealamh	Foirgníocht		Fruiliú agus cíosanna	Cánacha	Allmhairí
	An earnáil rialtais áitiúil	Pá	Trealamh	Foirgníocht	Deontais		Cánacha	
	An earnáil rialtais láir	Pá		Caiteachas caipitil	Deontais	Aistrithe		
	An earnáil trádála idirnáisiúnta	Ioncam duaise	Táillí iontrála				Cánacha	

<sup>14</sup> Tá sé seo coibhéseach leis an 'earnáil dheonach' i dtuarascáil 2010 ó Indecon-SIRC.

Má ghlacaimid an chéad líne d'Fhíor 4.1 mar shampla, caitheann tomhaltóirí airgead ar na nithe seo:

- An earnáil spóirt tráchtála nuair a cheannaíonn siad bróga spóirt;
- An earnáil neamhspóirt tráchtála nuair a thaistealaíonn siad chuig imeachtaí spóirt (e.g. ar thicéid eitleáin);
- An earnáil spóirt pobail mar tháillí iontrála chuig imeachtaí;
- An earnáil rialtais áitiúil nuair a íocann siad sintiúis le saoráidí poiblí spóirt;
- An earnáil rialtais láir mar chánacha (ó phá a ghintear san earnáil spóirt); agus,
- An earnáil trádála idirnáisiúnta mar allmhairí.

Gach uair a thaifeadtar idirbheart, éiríonn sé ina ioncam chuig earnáil eile ina ngintear caiteachas nua. Is ann do thrí ghné shoiléire den phatrún a léirítear i bhFíor 4.1. Ar an gcéad dul síos, is gnách gur i riocht pá agus tuarastail atá na cistí a dhírítear i dtreo na dtomhaltóirí. Is amhlaidh sin toisc go gcruthaítear comhcheangal idir an t-ioncam a ghintear ó ghníomhaíocht spóirt agus caitheamh an ioncaim sin, lena n-áirítear ar phá. Dirítear é i dtreo tomhaltóirí ansin. Is féidir go bhfaighidh tomhaltóirí ioncam ó chearrbhachas spóirt freisin, áfach, mar is féidir a fheiceáil faoin gceannteideal 'ioncam duaise' ón earnáil trádála idirnáisiúnta (trí chuideachtaí cearrbhachais easchósta nó idirnáisiúnta).

Ar an dara dul síos, faigheann an earnáil Rialtais Láir a hioncam go príomha ó chánacha ar bhrabús agus ar ioncam. Mar shampla, gineann cuideachta a dhíolann trealamh spóirt idir bhrabús a bhaineann leis an spórt agus phá a bhaineann leis an spórt, agus ioncam cánach á ghiniúint don Rialtas. Is léir nach bhfuil ioncam an Rialtais bainteach go díreach le hinfeistíocht spóirt agus le deontais spóirt, cé gur féidir go dtiocfaidh méadú air go hindíreach trí arduithe sna rátaí rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.

Ar an tríú dul síos, faigheann an earnáil trádála idirnáisiúnta a príomhioncam trí earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spórt a allmhairiú. Níl sé éasca sonraí den sórt sin a shainaithint. Mar shampla, trí úsáid a bhaint as tacar sonraí Comtrade ó na Náisiúin Aontaithe, is féidir linn an trádáil idirnáisiúnta i gcoisbheart spóirt a dhéanamh amach ach ní féidir linn an trádáil idirnáisiúnta in éadach spóirt a dhéanamh amach. Sa chuid is mó de chásanna, baintear úsáid as trádáil eachtrach mar mhír cothromaithe de chuid an chórais iontrála dúbailte le linn taighde a dhéantar ach úsáid a bhaint as creat na Cuntasaíochta loncaim Náisiúnta. Ón taobh sin de, ba cheart a bheith cáiréiseach faoi thorthaí na hearnála trádála idirnáisiúnta.

Baintear úsáid as na cuntais ioncaim agus chaiteachais ansin chun meastacháin a dhíorthú le haghaidh trí tháscaire eacnamaíochta de chuid an gheilleagair spóirt, mar atá: caiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt; breisluach a bhaineann leis an spórt; agus fostaíocht a bhaineann leis an spórt. Is do chaiteachas teaghlach ar an spórt a thagraíonn caiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt. Ní áirítear leis aon chaiteachas ag an rialtas, ag clubanna spóirt nó ag cuideachtaí tráchtála. Áirítear na nithe seo le samplaí de chaiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt: caiteachas ar threalamh spóirt, táillí iontrála le haghaidh imeachtaí spóirt, táillí ballraíochta, caiteachas ar chlubbanna spóirt nó fóillíochta, éadach agus coisbheart spóirt (a cheannaíonn teaghlaigh), agus rothair, i measc nithe eile. Ní áirítear leis caiteachas ar fhógraíocht spóirt ná infheistíocht ón rialtas láir nó ón rialtas áitiúil i mbonneagar spóirt.

Is é breisluach a bhaineann leis an spórt an staitistic is cuimsithí de luach eacnamaíoch toisc go gcomhfhreagraíonn sé don Oll-bhreisluch sa gheilleagar ina iomláine. Is é Oll-bhreisluch an difríocht idir luach na n-earraí agus na seirbhísí a bhaineann leis an spórt arna dtáirgeadh agus na costais atá i gceist le hiad a tháirgeadh. Léirítear ann an méid a rannchuidíonn an tionscal spóirt leis an ngeilleagar.

### Oll-bhreisluch

Is ionann an tOll-bhreisluch agus an difríocht idir an t-aschur iomlán agus costas na n-ionchur a mbaintear úsáid astú sa phróiseas táirgeachta (amhábhair agus seirbhísí). De rogha air sin, is féidir é a léiriú mar a leanas: Oll-bhreisluch = Olltáirgeacht intíre - cánacha ar tháirgí + fóirdheontais ar tháirgí.

Léirítear san Oll-bhreisluch an méid a rannchuidíonn an earnáil spóirt leis an ngeilleagar ina iomláine. Is é an bonn atá leis suim an phá agus an bhrabúis sa gheilleagar. Tabhair faoi deara go bhfuil difríocht ann idir an tOll-bhreisluch agus caiteachas tomhaltóirí agus láimhdeachas iomlán. Is é seo an sainmhíniú atá ar láimhdeachas iomlán:

Láimhdeachas iomlán  $\approx$  (Pá agus tuarastal) + (Brabús) + (Ceannach ábhar earraí agus seirbhísí)

I bhfocail eile, tá an tOll-bhreisluch coibhéiseach le láimhdeachas lúide aon cheannach earraí agus seirbhísí a theastaíonn sa phróiseas táirgeachta. De ghnáth, is amhlaidh, maidir leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ar fad a bhaineann leis an spórt a bhreithnítear sa tuarascáil seo, go bhfuil sí bainteach le breisluach spóirt a ghiniúint, bíodh sé i riocht pá nó i riocht brabúis.

Is ag teacht leis na tacair shonraí a soláthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh iad<sup>15</sup> atá modh na Cuntasaíochta Ioncaim Náisiúnta ar baineadh úsáid as. Mar shampla, is é an Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh, arna íoslódáil ó shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh, an phríomhfhoinsé caiteachas tomhaltóirí. Baineadh úsáid as coigeartú boilscithe ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir sonraí na bliana 2018 agus sonraí an ama atá thart. Is é atá san Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt, agus é mar chéatadán den lántáirgeacht, ná staitistic thábhachtach le cur san áireamh toisc go mbaineann sé go díreach le figiúr ceannlíne Olltáirgeacht Intíre an gheilleagair agus le fostaíocht a bhaineann leis an spórt. Dá mhéad an chuid pá atá leabaithe laistigh den Oll-bhreisluch is amhlaidh is mó an comhcheangal idir an tOll-bhreisluch agus fostaíocht.

Taca a bhí leis an taighde ba ea suirbhé a rinneadh ar chlubanna spóirt in Éirinn. Seoladh ceistneoir chuig clubanna trí Spórt Éireann, trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus trí na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Chomhlánaigh 266 chlub san iomlán an ceistneoir. Cuireadh ceisteanna orthu faoin spórt a bhíodhas ag cleachtadh, faoin líon rannpháirtithe, faoin mballraíocht, faoi obair dheonach agus faoi ioncam agus caiteachas. Leis an bhfaisnéis sin, comhlánaíodh Monatóir Spóirt na hÉireann agus tacar sonraí den ioncam agus caiteachas iomlán i measc rogha clubanna, rud ar sholáthair Spórt Éireann é. Is féidir liosta de na ceisteanna a cuireadh a fheiceáil in Aguisín A. Trí úsáid a bhaint as na sonraí ón sampla agus ó na mórthacair shonraí, baineadh úsáid as nósanna imeachta ollardaithe cuí chun meastachán a dhéanamh ar shaintréithe ioncaim agus caiteachais na gclubanna uile san earnáil pobail. Is ar fáil in Aguisín B atá tuilleadh mionsonraí faoi na foinsí sonraí ar baineadh úsáid astu chun meastachán a bhaineann leis an spórt a dhíorthú.

### 4.3 Príomhtháscairí eacnamaíocha

Cuirtear i láthair sa rannán seo na meastacháin a díorthaíodh le haghaidh caiteachas tomhaltóirí, Oll-bhreisluch agus fostaíocht a mhéid a bhaineann siad leis an spórt in Éirinn. Tá siad sin ar na príomhtháscairí lena léirítear tábhacht an gheilleagair spóirt i dtír. I gcás caiteachais agus Oll-bhreislucha, cuirtear iad i láthair i bpraghsanna reatha agus i bpraghsanna tairiseacha. Nuair is féidir, déanaimid comparáidí le geilleagar spóirt na hÉireann sa bhliain 2008 agus leis an ngeilleagar náisiúnta ina iomláine. Cuirtear fostaíocht i láthair mar choibhéisí lánaimseartha.

#### 4.3.1 Caiteachas tomhaltóirí ar an spórt

Maidir leis na meastacháin le haghaidh caiteachas tomhaltóirí iomlán in Éirinn, díorthaíodh iad ach úsáid a bhaint as an Suirbhé is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar Bhuiséad Teaghlaigh (2015), agus as suirbhéanna agus faisnéis eile, amhail bunachar sonraí trádála idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe le haghaidh earraí tráchtála (Comtrade), suirbhé taistil na Príomh-Oifige Staidrimh, agus tuarascálacha bliantúla inar tugadh eolas faoi thábhacht an spóirt i margaí éagsúla. Athraíodh meastacháin an tSuirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh chun dáta de réir na treochna ginearálta i gcaiteachas tomhaltóirí na Príomh-Oifige Staidrimh chun na staitisticí a chur ar comhréim le figiúirí na bliana 2018.

Léirítear i dTábla 4.1 na mórgnéithe de chaiteachas tomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spórt don bhliain 2018. B'ionann luach iomlán an chaiteachais tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt agus €3,341.6m, nó 3.1% den chaiteachas iomlán sa bhliain 2018. B'ionann an figiúr sin agus méadú 77% ar chaiteachas tomhaltóirí na bliana 2008.

Tábla 4.1: Caiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt in Éirinn (2008, 2018)

	(€milliún)	(€milliún)
	2008	2018
Síntiúis le clubanna	390.4	622.9
Síntiúis le clubanna aclaíochta agus le damhsa	141.5	490.9
Éadach agus coisbheart spóirt	338.4	568.8
Táillí iontrála: rannpháirtíocht	180.3	427.2
Trealamh spóirt agus rothair	143.4	340.5
Taisteal intíre chuig imeachtaí spóirt	40.8	60.3
Taisteal idirnáisiúnta chuig imeachtaí spóirt	164.2	167.6
Cearrbhachas a bhaineann leis an spórt	98.4 <sup>16</sup>	227.7
Teilifís/fiseán, cíos, síntiúis chábala agus satailíte	94.5	147.1
Táillí iontrála chuig imeachtaí	113.8	109.9
Caiteachas eile a bhaineann leis an spórt	179.9	178.7
<b>Iomlán</b>	<b>1,885.6</b>	<b>3,341.6</b>

<sup>15</sup> <https://data.cso.ie/https://data.cso.ie/>

<sup>16</sup> Fágadh cearrbhachas spóirt a bhí lasmuigh de chomhthéacs na gclubanna spóirt amach as tuarascáil na bliana 2010 (sonraí 2008).


Déantar cuid mhór den chaiteachas tomhaltóirí ar an spórt a dhíriú ar shíntiúis rannpháirtíochta agus táillí rannpháirtíochta le clubanna spóirt (€622.9m) agus le hacláíocht agus damhsa (€490.9m). Ós rud é gur tháinig méadú 60% idir na blianta 2008 agus 2018 ar an ngeilleagar ó thaobh na holltáirgeachta náisiúnta de, is os cionn na treochna ginearálta atá an méadú sa chaiteachas ar an spórt. Tá fás suntasach ag tarlú san earnáil aclaíochta agus damhsa, rud atá ag teacht leis na treochnaí a breathnaíodh san Aontas Eorpach le linn na tréimhse sin. Thángthas an méadú ba mhó ina dhiaidh sin ar chaiteachas ar éadach agus coisbheart spóirt (€568.8m), ar tháillí iontrála a bhaineann le rannpháirtíocht (€427.2m) agus ar earraí spóirt agus rothair (€340.5m).

Cé is moite de chearrbhachas spóirt, de bhreathnú agus de chraoltóireacht, is iad na gnéithe rannpháirtíochta den spórt a bhrúnn an margadh chun cinn. Is léiriú é sin go mbeadh difear láidir don gheilleagar ag gabháil le hathrú beag i rátaí rannpháirtíochta. Bunaithe ar an Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh, ní hionann táillí iontrála le haghaidh rannpháirtíochta (e.g. chuig staidiamaí nó saoráidí fóillíochta le haghaidh rannpháirtíochta) agus táillí iontrála le haghaidh amharc ar imeachtaí spóirt. Áirítear le 'caiteachas eile a bhaineann leis an spórt' catagóirí amhail caiteachas ar leabhair agus nuachtáin a bhaineann leis an spórt, ar tháillí scoile agus teagaisc a bhaineann leis an spórt, agus ar cheachtanna spóirt. Sa chuid is mó de chásanna, b'ann do mhéadú suntasach sa bhliain 2018 i gcomparáid leis an mbliain 2008. Cé gurb ann do bhoilsciú i margaí aonair go pointe éigin, is athrú fíor é sin ar an iomlán, agus é ag léiriú deich mbliana nach raibh aon mheánmhéadú ann ar phraghsanna lena linn.

Léirítear i bhFíor 4.2 dáileadh an chaiteachais tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt in Éirinn sna blianta 2008 agus 2018. I measc na gcatagóirí a chuirtear i láthair, cuirtear an sciar is mó síos do shíntiúis le clubanna spóirt (19%), agus cuirtear na sciartha is mó ina dhiaidh sin síos d'éadach agus coisbheart spóirt (17%), do shíntiúis le hacláíocht agus damhsa (15%), do tháillí iontrála a bhaineann le rannpháirtíocht (13%) agus do threalamh spóirt agus rothair (10%). Nuair a chuirtear na sciartha céatadán de chaiteachas tomhaltóirí sa bhliain 2008 agus sa bhliain 2018 i gcomparáid lena chéile, tá na catagóirí ar tháinig méadú orthu ag teacht leis na hathruithe rannpháirtíochta ar leagadh béim orthu roimhe seo i rannán 2. Tháinig méadú ó sciar 8% sa bhliain 2008 go sciar 15% sa bhliain 2018 ar na 'síntiúis le ranganna aclaíochta agus le damhsa'. Mar an gcéanna, tháinig méadú ó sciar 10% sa bhliain 2008 go sciar 13% sa bhliain 2018 ar na 'táillí iontrála le haghaidh rannpháirtíochta', rud a bhí ina léiriú ar an mborrhadh faoi ionaid fóillíochta faoi dhíon.

Bímid ag súil de ghnáth go bhfuil an spórt mar aschur ag an ngné rannpháirtíochta, rud a bhrúnn caiteachas tomhaltóirí chun cinn go soiléir. Ar aon taobh eile, baineann cearrbhachas spóirt nó teilifís spóirt úsáid as an spórt mar ionchur. Mar shampla, teastaíonn trealamh spóirt, síntiúis spóirt nó coisbheart spóirt ó dhuine chun páirt a ghlacadh sa spórt (an spórt mar aschur). Os a choinne sin, caithfidh an spórt craoltóireacht teilifíse spóirt a léiriú nó deis a thabhairt geall a chur ar thorthaí spóirt (an spórt mar ionchur).

**Fíor 4.2: Caiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt in Éirinn (2008, 2018), sciartha céatadán**





### 4.3.2 Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt

Tá impleachtaí suntasacha don fhostaíocht a bhaineann leis an spórt ag an luach a chuirtear le geilleagar na hÉireann trí earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spórt a tháirgeadh. Léirítear i dTábla 4.2 na figiúirí le haghaidh Oll-bhreisluch sna hearnálacha difriúla den gheilleagar spóirt i bpraghsanna reatha don bhliain 2018 agus na staitisticí comhfhreagracha ón mbliain 2008. Sa bhliain 2018, chuir gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann leis an spórt €3,671.8m le geilleagar na hÉireann. Is ionann é sin agus méadú 101% ó bhí an bhliain 2008 ann. Is í an earnáil neamhspóirt tráchtála a ghineann an chuid is mó den ghníomhaíocht eacnamaíoch sin (€1,352.1m, 37%). Is í an earnáil spóirt pobail an dara hearnáil is mó (€925.4m, 25%).

Ghin an earnáil spóirt tráchtála €749.3m in Oll-bhreisluch, nó 20% den Oll-bhreisluch iomlán a bhaineann leis an spórt. Tá níos mó ná leath an bhreislucha san earnáil seo inchurtha síos do bhreathnú ar an spórt agus don mhiondíol. Áirítear leis an miondíol éadach agus coisbheart a bhaineann leis an spórt, trealamh agus foilseacháin. I ngach cás, déantar cóimheasa an phá agus an bhrabúis den láimhdeachas iomlán a ríomh ach úsáid a bhaint as táblaí lonchuir-Aschuir na hÉireann, mar a léirítear iad ar shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh. Dá bhrí sin, tá siad ag teacht leis na catagóirí NACE is mionsonraithe atá ar fáil.

Tábla 4.2: Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt in Éirinn (2008, 2018)

	(€milliún)	(€milliún)
	2008	2018
An earnáil spóirt tráchtála	353.1	749.3
atá comhdhéanta díobh seo		
Breathnú ar an spórt	122.1	265.7
Miondíol	98.0	225.4
An earnáil neamhspóirt tráchtála	824.2	1,352.1
An earnáil pobail/neamhbhrabúis	456.6	925.4
An earnáil phoiblí	196.4	645.0 <sup>17</sup>
<b>Iomlán</b>	<b>1,830.3</b>	<b>3,671.8</b>
<i>Lena n-áirítear:</i>		
<i>Turasóireacht spóirt idirnáisiúnta</i>	<b>124.0</b>	<b>213.9</b>
<i>Cúram sláinte</i>		<b>93.0</b>

Tá clubanna spóirt agus ionaid fóillíochta le fáil san earnáil pobail, san earnáil rialtais áitiúil agus san earnáil tráchtála. Tríd is tríd, is é Oll-bhreisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an toradh atá ar na catagóirí caiteachais spóirt a bhaineann le rannpháirtíocht. Mar sin féin, áirítear le hOll-bhreisluch agus le fostaíocht araon gnéithe nach bhfuil bainteach go díreach le caiteachas tomhaltóirí, amhail foirgníocht spóirt, a cheanglaíonn an earnáil pobail leis an earnáil neamhspóirt tráchtála.

Maidir leis an gcuid is mó den Oll-bhreisluch a ghintear san earnáil phoiblí, baineann sé leis an oideachas spóirt nó le riar an spóirt, rud atá bunriachtanach le haghaidh na gné rannpháirtíochta spóirt. Comhlíonann an earnáil phoiblí ról lárnach i gcistí a sholáthar le haghaidh tionscadail foirgníochta, cé gur laistigh den earnáil pobail a ghintear an tOll-bhreisluch gaolmhar go minic. Áirítear leis an earnáil phoiblí freisin an tOll-bhreisluch a ghintear ó chúram sláinte a bhaineann leis an spórt (€93m). Ceanglaíonn an ghné sin le gníomhaíochtaí ospidéal, le sainchleachtas leighis agus le cleachtas fiaclóireachta.

Déanann an turasóireacht spóirt idirnáisiúnta difear don gheilleagar spóirt, lena n-áirítear an earnáil pobail, an earnáil tráchtála agus an earnáil phoiblí. Meastar gur gineadh Oll-bhreisluch ab fhiú €213.9m ón turasóireacht spóirt idirnáisiúnta. Tá an figiúr sin comhfhreagrach do chaiteachas iomlán atá cothrom le thart ar €345m. Is meastachán caol é sin atá bunaithe go príomha ar an turasóireacht gailf<sup>18</sup> agus ar imeachtaí idirnáisiúnta. Mar a thuiriscítear sa rannán ar chaiteachas tomhaltóirí, is é taisteal intíre a ghineann an breisluch ón turasóireacht.

Mar bhuille scoir, is le rannpháirtíocht agus le breathnú ar an spórt a bhaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch ar fad i gclubanna spóirt san earnáil pobail. Tá sé tábhachtach a aithint gurb ionann an tOll-bhreisluch a ghintear ón earnáil neamhspóirt tráchtála agus tionchar indíreach atá ag an spórt ar an ngeilleagar, ar tionchar é a eascraíonn as na naisc atá ag an spórt leis an ngeilleagar neamhspóirt tríd an ngréasán táirgeachta.

<sup>17</sup> Sa bhliain 2018, áiríodh leis an earnáil phoiblí Oll-bhreisluch a bhaineann le cúram sláinte (€93m) nach raibh ina chuid de na meastacháin sa bhliain 2008.

<sup>18</sup> Dar le Fáilte Éireann, caitheann turasóirí idirnáisiúnta €240m ar ghalf gach bliain. Fuair an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Shóisialta amach go nglacann 8% de thurasóirí páirt i ngníomhaíocht spóirt. Níor bhaineamar úsáid as an gcéatadán sin toisc nach mbaineann sé le príomhspreagthaí na turasóireachta (amhail cuairt a thabhairt ar imeacht spóirt).

### 4.3.3 Fostaíocht a bhaineann leis an spórt

Diorthaítear meastacháin ar fhostaíocht a bhaineann leis an spórt ó ríomhanna atá bunaithe ar íocaíochtaí pá agus ar mheántuarastal seachtainiúil in aghaidh na hearnála, mar a thuairiscítear ar shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh. Bainimid úsáid as an meántuilleamh seachtainiúil chun an meántuilleamh bliantúil a ríomh agus tógaimid an meántuilleamh bliantúil agus an pá spóirt iomlán in aghaidh na hearnála chun an fhostaíocht ghaolmhar a bhaineann leis an spórt a ríomh. Maidir leis na figiúirí ar baineadh úsáid astu ar shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh, ní shonraítear meántuilleamh fostaíochta lánaimseartha iontu. Dá bharr sin, coigeartaíodh an fhostaíocht chun coibhéisí lánaimseartha a léiriú. Ós rud é gur tháinig méadú 60% (Olltáirgeacht Náisiúnta) ar an aschur foriomlán sa tréimhse 2008-2018 gan boillsciú a bheith ann sa gheilleagar, meastar go leanfar patrún den chineál céanna i gcás fostaíochta.

Tugtar meastacháin i dTábla 4.3 ar fhostaíocht a bhaineann leis an spórt in Éirinn. Tháinig fás ar fhostaíocht a bhaineann leis an spórt ó 37,940 duine sa bhliain 2008 go 64,080 duine sa bhliain 2018. Tá an dá fhiigiúr sin ina gcoibhéisí lánaimseartha (CLanna). I ndearbhthéarmaí agus i gcoibhneas le sciar an spóirt den fhostaíocht iomlán, is é an leibhéal fostaíochta sa spórt sa bhliain 2018 an ceann is airde a taifeadadh in Éirinn riamh. Mar chéatadán den fhostaíocht iomlán, tháinig méadú ar fhostaíocht a bhaineann leis an spórt ó 2.1% sa bhliain 2008 go 2.8% sa bhliain 2018.


**Tábla 4.3: Fostaíocht a bhaineann leis an spórt in Éirinn (2008, 2018), CLanna**

	(000s)	(000s)
	2008	2018
An earnáil spóirt tráchtála atá comhdhéanta díobh seo		
Breathnú ar an spórt	3.14	6.29
Miondíol	2.08	4.47
An earnáil neamhspóirt tráchtála	15.08	14.89
An earnáil pobail/neamhbhrabúis	8.83	20.69
An earnáil phoiblí	6.18	13.31
<b>Iomlán</b>	<b>38.22</b>	<b>64.08</b>

Is féidir an líon ard post san earnáil phoiblí a chur síos go príomha don oideachas agus don riarachán. Is é an earnáil oideachais spóirt an gineadóir fostaíochta is mó sna Cuntais Satailíte Spóirt uile-Eorpacha go minic (i measc na gcatagóirí a chuirtear i láthair sna Táblaí lonchuir-Aschuir).

Léirítear i bhFíor 4.3 dáileachán na fostaíochta spóirt i measc na mórearnálacha sna blianta 2018 agus 2008. Is í an earnáil pobail/neamhbhrabúis an earnáil is mó. Tacaíonn sí le 20,690 post, nó le 32% den fhostaíocht iomlán a bhaineann leis an spórt in Éirinn. Nuair a chuirtear na dáileacháin chéatadán idir an bhliain 2008 agus an bhliain 2018 i gcomparáid lena chéile, is ann do mhéadú mór ar sciartha na hearnála pobail, ó 25% sa bhliain 2008 go 32% sa bhliain 2018. Mar an gcéanna, is ann do mhéadú i sciar na hearnála poiblí, ó 16% sa bhliain 2008 go 21% sa bhliain 2018. Os a choinne sin, is ann do laghdú i sciar na hearnála neamhspóirt tráchtála. Is amhlaidh sin toisc go n-áirítear níos mó brabúis ná am ar bith riamh, i gcomparáid leis an bpá a íoctar, le comhdhéanamh an Oll-bhreislucha sna Táblaí lonchuir-Aschuir is déanaí. Mar thoradh air sin, ní thagann gnóthachain láidre san fhostaíocht, rud a thagann chun cinn in earnálacha eile, as na méaduithe sin san Oll-bhreisluch sa chás seo.

**Fíor 4.3: Fostaíocht a bhaineann leis an spórt in Éirinn (2008, 2018), sciartha céatadán**



Ar an iomlán, tháinig méadú ar sciar na fostaíochta spóirt den gheilleagar iomlán, ó 2.1% sa bhliain 2008 go 2.8% sa bhliain 2018. Ón taobh sin de, is amhlaidh san fhadtéarma gur mhéadaigh an tionscal spóirt a thionchar ar an ngeilleagar ina iomláine. Tá an t-aistriú sin á chur síos do cheithre thoisic, atá mar a leanas: deireadh an chúlaithe eacnamaíochta agus tús an fháis, rud a d'fhág gur tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar an ngeilleagar ó thaobh Oll-bhreislúacha de idir na blianta 2008 agus 2018 agus go raibh dea-acmhainn fais ag an spóirt; infheistíocht leanúnach ó Rialtas na hÉireann agus Spóirt Éireann sa spóirt; méadú sa líon daoine a bhí ag glacadh páirt sa spóirt; agus méadú sa líon oibríthe deonacha, a chuireann ar chumas clubanna oibríú mar aonaid spóirt agus mar aonaid tráchtála araon.

Ós rud é gurb airde an céatadán de phoist a bhaineann leis an spóirt atá ann sa gheilleagar ina iomláine (2.8%) ná an sciar coibhéseach den Oll-bhreislúach (1.4%), is féidir a mheas gur gineadóir fostaíochta an-éifeachtúil é an spóirt. Is féidir go mbainfeadh an-leas as sin i gcás cúlaithe eacnamaíochta, ar lena linn a thosaítear ag díriú ar phoist a chruthú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach. I bhfocail eile, is féidir an difhostaíocht a chomhrac go tapa má dhéantar infheistíocht sa spóirt. Ar ndóigh, is amhlaidh sin go páirteach de bharr chineál dlúthshaothair na fostaíochta spóirt, rud atá bunaithe ar theagmháil dhaonna agus ar an leibhéal íseal pá a bhíonn ann de ghnáth i roinnt earnálacha den gheilleagar spóirt, ach is amhlaidh sin freisin toisc go ndéanann pobail dianiarracht tacú leis an ngeilleagar spóirt agus le gníomhaíocht spóirt ach obair dheonach a dhéanamh. Léirítear sna torthaí sin gur daoine (tomhaltóirí), in ionad institiúidí, atá sa phríomhinneall le haghaidh caiteachas ar an spóirt agus ar gníomhaíocht fhisiciúil. Tá dhá impleacht ag gabháil leis sin: ar an gcéad dul síos, soláthraíonn an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil tairbhe shuntasach don airgeadas rialtais trí CBL; agus, ar an dara dul síos, nascann sé chuig rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus chuig freastal daoine ar imeachtaí spóirt mar dhá ghné thábhachtacha d'fhás sa gheilleagar spóirt.

#### 4.3.4 Achoimre ar na príomhtháscairí

Déantar achoimre i dTábla 4.4 ar na príomhtháscairí a bhaineann leis an spóirt in Éirinn, mar atá caiteachas tomhaltóirí, Oll-bhreislúach agus fostaíocht, do na blianta 2008 agus 2018<sup>19</sup>.

**Tábla 4.4: Na príomhtháscairí eacnamaíocha a bhaineann leis an spóirt d'Éirinn**

	2008	2018
<b>Caiteachas tomhaltóirí ar an spóirt (€milliún)</b>	1,885.6	3,341.6
Caiteachas tomhaltóirí iomlán in Éirinn <sup>20</sup> (€milliún)	93,863	106,977
<b>céatadán de chaiteachas tomhaltóirí iomlán na hÉireann</b>	2.0%	3.1%
<b>Oll-bhreislúach a bhaineann leis an spóirt (€milliún)</b>	1,830.3	3,671.8
Olltáirgeacht náisiúnta iomlán in Éirinn (€milliún) <sup>21</sup>	160,903	256,322
<b>céatadán d'Oll-bhreislúach iomlán na hÉireann</b>	1.1%	1.4%
<b>Fostaíocht a bhaineann leis an spóirt (000)</b>	38.22	64.08
Fostaíocht iomlán in Éirinn (000) <sup>22</sup>	1,803	2,255
<b>céatadán d'fhigiúirí fostaíochta iomlána na hÉireann</b>	2.1%	2.8%

Eochairphointí:

- B'ionann agus €3,341.6m, nó 3.1% den chaiteachas tomhaltóirí iomlán, an caiteachas tomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an spóirt in Éirinn sa bhliain 2018. Léirítear sa tábla gurb amhlaidh, ón mbliain 2008 i leith, go bhfuil fás ag teacht ar an gcaiteachas a bhaineann leis an spóirt i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán den chaiteachas tomhaltóirí foriomlán in Éirinn araon. Tháinig méadú ar an bhfigiúr deireanach sin ó 2.0% sa bhliain 2008 go 3.1% sa bhliain 2018.
- B'ionann agus €3,671.8m, nó 1.4% den aschur iomlán in Éirinn, an breislúach a bhaineann leis an spóirt do gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2018. Tháinig fás ar gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann leis an spóirt ó €1,830.3m (1.1%) d'Oll-bhreislúach na hÉireann sa bhliain 2008. Faoi mar atá amhlaidh i gcás caiteachas tomhaltóirí, is fás é sin i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán den gheilleagar iomlán araon.

<sup>19</sup> I dTábla 3.4, tógadh luachanna na bliana 2008 ó thuarascáil Indecon-SIRC. Mar sin féin, rinneadh na céatadán ghaolmhara a athríomh ar bhonn na luachanna is déanaí d'Oll-bhreislúach, d'Fhostaíocht agus de Chaiteachas tomhaltóirí don bhliain 2008.

<sup>20</sup> Léirítear an caiteachas tomhaltóirí foriomlán ina phraghsanna reatha, agus tógadh é ó Chuntais loncaim agus Chaiteachais Náisiúnta na hÉireann.

Áirítear leis sin an tomhaltas deiridh ag teaghligh, ag institiúidí neamhbhrabúis a fhreastalaíonn ar theaghligh (INBFTanna) agus ag an Rialtas.

<sup>21</sup> Tógadh an Olltáirgeacht Náisiúnta fhoriomlán d'Éirinn ó na Cuntais loncaim agus Chaiteachais Náisiúnta. Léirítear í i bpraghsanna margaidh reatha.

<sup>22</sup> Tógadh na figiúirí fostaíochta ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (mar a thuairiscítear ar shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh). Sa bhliain 2008, tomhaiseadh í ó thaobh an lín post coibhése lánaimseartha (CL) de.

- B'ionann an líon daoine a bhí fostaithe sa spórt agus 64,080 duine sa bhliain 2018, a bhí cothrom le 2.8% den fhostaíocht ar fad in Éirinn. Tháinig méadú ar fhostaíocht a bhaineann leis an spórt ó bhunstaid a bhí cothrom le 2.1% den fhostaíocht in Éirinn sa bhliain 2008. Is fás é sin i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán araon.

Léirítear ar an iomlán i dTábla 4.4 gurb amhlaidh, sa tréimhse idir na blianta 2008 agus 2018, gur fheidhmigh an geilleagar spóirt níos fearr i ngach ceann de na mórtháscairí ná an geilleagar ina iomláine. Má chuirtear Oll-bhreisluch agus fostaíocht i gcomparáid lena chéile, is i bhfostaíocht a fheictear an fás is láidre. Tá sé sin ag teacht leis an eispéreas san Eoraip<sup>23</sup>. Cruthaítear fostaíocht sa spórt go príomha tríd an líonra clubanna spóirt agus tríd an earnáil tráchtála, a bhfuil aici iolraitheoir an-ard atá bainteach le seirbhísí spóirt agus le foirgníocht. Mar shampla, sna táblaí anailíseacha ionchuir-aschuir is déanaí<sup>24</sup> d'Éirinn sa bhliain 2015, is ionann iolraitheoir aschuir na foirgníochta (ar earnáil í atá tábhachtach de bharr a gaoil le hinfheistíocht sa spórt) agus 1.582, ceann de na hiolraitheoirí is airde sa gheilleagar. Mar a chonacthas sa chuid is mó de thíortha an Aontais Eorpaigh, is mó an céatadán d'fhostaíocht a bhaineann leis an spórt mar sciar den fhostaíocht iomlán ná an sciar coibhéiseach den Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt. Is léiriú é sin ar dhá rud. Ar an gcéad dul síos, soláthraíonn an tionscal spóirt poist ar lú a luach ná an meán. Ar an dara dul síos, tá poist sa spórt bunaithe níos mó ar dhaoine (ní féidir an teicneolaíocht a úsáid ina n-ionad go héasca).

#### 4.3.5 Achoimre ach praghsanna tairiseacha na bliana 2016 a úsáid

Chun tuiscint a ghnóthú ar na hathruithe i gcaiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt agus in Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt gan tionchar an bhoilscithe a chur ar áireamh, rinneamar luachanna uimhriúla Thábla 4.4 a athmheas ach úsáid a bhaint as praghsanna na bliana 2016. Trí chaiteachas tomhaltóirí agus Oll-bhreisluch a chur i láthair ar an mbealach sin i dTábla 4.5 thíos, is féidir caiteachas agus breisluch a chur i gcomparáid lena chéile ar bhonn iontamlha gan tionchar an bhoilscithe a chur ar áireamh. Tá an bhonnbhliain roghnaithe ag teacht leis an innéacs is déanaí ar baineadh úsáid as sna Cuntais Náisiúnta (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Tá an praghasinnéacs ar baineadh úsáid as coibhéiseach leis an gcóimheas tomhaltais i bpraghsanna reatha le tomhaltas i bpraghsanna tairiseacha na bliana 2016. Ar an iomlán, ní raibh difríocht mhór praghsanna ann idir na blianta 2008 agus 2018. Ó thaobh phraghsanna na bliana 2016 de, is ionann sa dá bhliain sin an praghasinnéacs foriomlán don gheilleagar ina iomláine. Mar sin féin, tá athrú mór praghsanna ann in dhá mhargadh sa tionscal spóirt: éadach agus coisbheart, ar ina leith a tháinig laghdú ar phraghsanna ó innéacs 144.7 sa bhliain 2008 go hinnéacs 100 sa bhliain 2016 agus go hinnéacs 94.2 sa bhliain 2018; agus an t-oideachas, ar ina leith a tháinig méadú ar phraghsanna ó innéacs 67.5 sa bhliain 2008 go hinnéacs 100 sa bhliain 2016 agus go hinnéacs 102 sa bhliain 2018.

Má thógtar an praghasinnéacs tomhaltóirí foriomlán do gheilleagar na hÉireann ón mbliain 2008 go dtí an bhliain 2018 faoi phraghsanna tairiseacha na bliana 2016, léirítear i dTábla 4.5 gur tháinig méadú 77% ar an gcaiteachas tomhaltóirí a bhaineann leis an spórt. Is fearr an méadú sin ná an méadú coibhéiseach sa chaiteachas tomhaltóirí iomlán in Éirinn, rud ar tháinig méadú 14% air idir na blianta 2008 agus 2018. Mar an gcéanna, tháinig méadú 101% ar an Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt idir na blianta 2008 agus 2018 (praghsanna na bliana 2016). Is ionann é sin agus dhá oiread, beagnach, an ráta méadaithe i ngeilleagar na hÉireann sa tréimhse chéanna (59%). Is féidir a fheiceáil gurb amhlaidh, i ndáiríre, gur tháinig fás suntasach ar an ngeilleagar spóirt idir na blianta 2008 agus 2018 ó thaobh caiteachas tomhaltóirí agus Oll-bhreislucha araon de.

**Tábla 4.5: Caiteachas tomhaltóirí agus Oll-bhreisluch i bpraghsanna tairiseacha na bliana 2016: Praghasinnéacs tomhaltóirí na bliana 2016=100**

	2008	2018	Athrú mar %
Caiteachas tomhaltóirí ar an spórt (€milliún)	1,863.2	3,302.0	77%
Caiteachas tomhaltóirí iomlán (€milliún)	92,850.0	105,708.5	14%
Oll-bhreisluch a bhaineann leis an spórt (€milliún)	1,808.6	3,628.3	101%
Olltáirgeacht náisiúnta iomlán (€milliún)	158,995.1	253,282.6	59%

<sup>23</sup> SIRC agus SportsEconAustria (2018). Staidéar ar thionchar eacnamaíoch an spóirt trí chuntais satailíte spóirt. [ar líne]. <https://publications.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/865ef44c-5ca1-11e8-ab41-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-71256399>

<sup>24</sup> <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-sauio/supplyanduseandinput-outputtablesforireland2015/>

#### 4.4. An éifeacht ar an airgeadas poiblí

Is iad na príomhdhóigheanna a bhfuil baint ag an rialtas leis an earnáil spóirt ná beartas náisiúnta a dhearadh agus deontais a leithdháileadh le haghaidh costais reatha agus costais chaipitil araon. Is féidir liosta mionsonraithe de na deontais spóirt a dáileadh sa bhliain 2018 a léamh i dTuarascáil Bhliantúil Spóirt Éireann<sup>25</sup>; tá tuilleadh faisnéise ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Cuirtear roinnt de na deontais sin i láthair i dTábla 4.6, agus iad grúpáilte ina gcatagóirí. Cuirtear i láthair ann freisin roinnt deontas a mbeidh tionchar acu ar ghníomhaíocht spóirt ach nach ndáiltear trí Spóirt Éireann, lena n-áirítear deontais le haghaidh feabhas a chur ar chonairí rothar agus siúil.

**Tábla 4.6: Infheistíocht Spóirt Éireann agus na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa Spóirt (2018)<sup>26</sup>**

	€m
<b>Infheistíochtaí Spóirt Éireann</b>	
Croidheontais	46.7
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	4.5
Deontais ón gCiste Éire Shláintiúil	0.7
Cláir Eile	5.6
Riarachán agus Foireann	5.2
<b>Infheistíochtaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</b>	
Deontais iompair inbhuanaithe (le haghaidh siúil agus rothaíochta), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	37.5
Deontais chaipitil (do 856 dheontaí, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)	34.0
Acadamh Spóirt Chiarraí	6.5
Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil	1.4
<b>Iomlán</b>	<b>142.0</b>

Dáiltear sciar mór de na deontais (€23.8m) trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Dar le Spóirt Éireann, infheistíodh €14.9m sa spóirt ardfheidhmíochta sa bhliain 2018. Spriocdhírítear ar thionscadail shonracha foirgníochta le roinnt deontas, amhail an deontas €6.5m a íocadh le haghaidh Acadamh Spóirt Chiarraí<sup>27</sup>.

Fuair an líonra de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt deontais ab fhiú €6.0m chun forbairt an spóirt a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéil rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Dar le Spóirt Éireann, áiríodh na nithe seo le croí-obair na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2018: Forbairt Straitéiseach Spóirt sa Phobal agus soláthar a dhéanamh ar Chláir Náisiúnta, ar Thionscnaimh Oideachais agus Oiliúna, ar an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt, ar Chláir um Mná sa Spóirt, ar chláir Chumhdaigh agus ar chláir ghinearálta rannpháirtíochta. Sa bhliain 2018, fuair Spóirt Éireann Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ab fhiú €4.5m, ar baineadh úsáid as €2.3m de chun tacú le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, agus fuair sé €0.7m ón gCiste Éire Shláintiúil le haghaidh tionscnaimh de chuid Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an cistiú don Spóirt a mhéadú faoi dhó, ó €112m sa bhliain 2018 go €220m sa bhliain 2027.

Ní hé amháin go gcuirtear san áireamh sa taighde reatha an caiteachas rialtais atá ionadaithe ag deontais spóirt agus ag caiteachas caipitil, mar a léirítear sa Bheartas Náisiúnta, ach cuirtear san áireamh ann freisin gnéithe eile amhail caiteachas ar oideachas agus ar rialachas áitiúil. Agus gach ceann de na nithe sin á gcur san áireamh, chaith an Rialtas Láir breis agus €667m sa bhliain 2018. Léirítear i dTábla 4.7 thíos caiteachas agus ioncam an Rialtais Láir, a mhéid a bhaineann sé leis an spóirt.

<sup>25</sup> [https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-06/annual-report-2018\\_final.pdf](https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-06/annual-report-2018_final.pdf)

<sup>26</sup> Is iad na Tuarascálacha Bliantúla ó Spóirt Éireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na foinsí sonraí a mbaintear úsáid astu anseo.

<sup>27</sup> Baile - Acadamh Spóirt Chiarraí

Tábla 4.7: Caiteachas agus ioncam an Rialtais ón spórt (2018)

	€m		€m
<b>Caiteachas</b>		<b>Ioncam</b>	
Infheistíochtaí Spórt Éireann agus na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (ó Thábla 4.6)	142.0	Cánacha ar chaiteachas	581.0
Glanchaiteachas na nÚdarás Áitiúil ar Shaoráidí Fóillíochta	25.5		
Glanchaiteachas na nÚdarás Áitiúil ar Fhóillíocht amuigh faoin spéir	120.1	<b>Cánacha ó ioncam iontu seo:</b>	
Glanchaiteachas na nÚdarás Áitiúil ar Spórt pobail	41.1	An Earnáil Spóirt Tráchtála	185.3
An Earnáil Oideachais Spóirt	265.1	An Earnáil Spóirt Pobail	167.1
Spórt Éireann: pá agus caiteachas caipitil	32.2	An Earnáil Neamhspóirt Tráchtála	303.2
Uiscebhealaí	33.0	An Earnáil Rialtais Áitiúil	158.9
Eile	8.5		
<b>Iomlán</b>	<b>667.5</b>		<b>1,395.5</b>

De réir loighic na samhla sa taighde seo, taispeántar gurb amhlaidh, maidir leis an éileamh reatha ar earraí spóirt agus ar rannpháirtíocht sa spórt, gurbh ionann agus thart ar €1.4bn ioncam an Rialtais Láir ón spórt sa bhliain 2018. Bailítear an t-ioncam sin trí chánacha ar earraí spóirt a dhíoltar (CBL) agus ar ioncam a ghintear sa gheilleagar. Is é atá san impleacht, rud a fíoraíodh ar fud thíortha an Aontais Eorpaigh<sup>28</sup>, ná gur féinmhaoinithe atá an infheistíocht sa spórt i dtéarmaí leathana. De bhreis air sin, ós rud é gurb é rannpháirtíocht an rud atá ag brú an gheilleagair spóirt chun cinn i láthair na huaire, méadófar caiteachas tomhaltóirí go leibhéil nach bhfacthas riamh má chomhlíontar an cuspóir um rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú go 60%. Is é an toradh a bheidh air sin go méadófar tuilleadh ioncam an rialtais láir agus an 'barrachas' gaolmhar.

#### 4.5. Tionchar eacnamaíoch na hearnála pobail/neamhbhrabúis

Tá an earnáil pobail/neamhbhrabúis comhdhéanta go príomha de na hearnálacha club a thagann faoi choimirce Spórt Éireann. Déantar an earnáil a chomhlánú agus a riar tríd an líonra Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Shainaithníomar 12,347 gclub san iomlán as measc 63 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta. Tugtar i dTábla 4.8 faisnéis faoi na clubanna agus faoina mballraíocht.

Tábla 4.8: Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, clubanna agus ballraíocht in Éirinn (2018)

An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	An líon clubanna	An líon ball	Meánmhéid club (an líon ball)
63	12,347	1,768,928	143

Foinse: Spórt Éireann, SIRC

Tá 1,768,928 mball san iomlán ag an 12,347 gclub. Dá réir sin, is é an mheánmhéid club ná 143 bhall. Meallann na clubanna de chuid Aontas Gailf na hÉireann an líon is mó ball, agus 593 bhall acu ar an meán. Ina theannta sin, tugann an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na hÉireann faoi raon leathan gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú, ar gníomhartha iad is féidir a aicmiú ina gceithre chatagóir<sup>29</sup>:


- Clubanna, cóitseálaithe agus oibríthe deonacha a fhorbairt agus tacú le comhpháirtíochtaí idir clubanna áitiúla spóirt, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí.
- Deiseanna a chruthú le haghaidh oideachais agus oiliúna a bhaineann le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar.
- Cláir, imeachtaí agus tionscnaimh spriocdhírthe a sholáthar ar mhaithe le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a mhéadú.
- Faisnéis a sholáthar faoin spórt agus faoi gníomhaíocht fhisiciúil ar mhaithe le feasacht agus rochtain a chruthú.

Léirítear i bhFíor 4.4 na deich gcumann is tábhachtaí de réir ballraíochta. Is iad na trí Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta is mó ná Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus Aontas Gailf na hÉireann.

<sup>28</sup> <https://publications.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/865ef44c-5ca1-11e8-ab41-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-71256399>


<sup>29</sup> <https://www.sportireland.ie/participation/local-sports-partnerships>

Fíor 4.4: Na 10 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta is mó de réir ballraíochta (2018)



Léirítear i bhFíor 4.5 na 10 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta is mó de réir líon clubanna. Is le dhá chumann amháin thart ar 36% de na clubanna uile, is iad sin: Cumann Lúthchleas Gael agus Cumann Peile na hÉireann.

Fíor 4.5: Na 10 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta is mó de réir líon clubanna (2018)



Bailíodh ó 266 chlub spóirt sonraí príomhúla faoina n-ioncam, faoina gcaiteachas agus faoina gcomhdhéanamh. Cuireadh na sonraí sin leis an bhfianaise a bhí againn chun cabhrú linn léargas a ghnóthú ar shaintréithe eacnamaíocha na hearnála pobail. Mar shampla, ar mhaithe leis na torthaí a mhodhnú, chuireamar sonraí suirbhé na gclubanna i gcomparáid lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain 2018, mar a bhí i dtacar sonraí fairsing ar sholáthair Spórt Éireann iad.

Fionnachtain thábhachtach is ea nach bhfuil aon ghiniúint shuntasach barrachas ann. Is ar phá a dhírítear an chuid is mó den oll-bhreisluch, agus fostaíocht á méadú ag an am céanna. Is féidir é sin a chur i gcodarsnacht le forbairtí sa gheilleagar ina iomláine (a imríonn tionchar ar an earnáil neamhspóirt tráchtála), áit ar tháinig meath ar an sciar de phá agus de thuarastail laistigh den oll-bhreisluch, agus giniúint fostaíochta á srianadh dá bharr sin.

Léirítear i dTábla 4.9 thíos príomh-shaintréithe eacnamaíocha na gclubanna. Is ó shintíúis agus ó tháillí rannpháirtíochta (ó bhaill agus imreoirí) a thagann an sciar is mó d'ioncam na gclubanna. Ina dhiaidh sin, is ó

oibríochtaí tráchtála i riocht beár agus bialann agus táillí iontrála a thagann an sciar is mó dá n-ioncam. Is iad pá agus tuarastail an príomhpharaiméadar ó thaobh costas reatha de, rud a léiríonn gurb amhlaidh go bhfostaíonn na clubanna daoine dá n-oibríochtaí agus nach mbraitheann siad go heisiach ar oibríthe deonacha.

**Tábla 4.9: Ioncam agus caiteachas na gclubanna spóirt pobail (2018)**

	€m		€m
<b>Caiteachas Club</b>		<b>Ioncam Club</b>	
Pá agus Tuarastail	422	Síntiúis imreoirí/ball agus táillí cluiche imreoirí/ball	622
Fruiliú agus cíosanna páirceanna imeartha	44	Trealamh a ligean ar cíos le baill/imreoirí	37
Rátaí údaráis áitiúil	11	Táillí iontrála	124
Trealamh spóirt a fhruiilí	33	Cearrbhachas	111
Fóntais	67	Beár agus Bialann	
Soláthairtí beáir	67	Deontais	185
Eile	466	Fógraíocht-Urraíocht	69
<b>Iomlán</b>	<b>1,110</b>	<b>Iomlán</b>	<b>1,259</b>

#### 4.6. Luach eacnamaíoch na hoibre deonaí sa spórt

Tá an earnáil pobail/neamhbhrabúis comhsheasmhach leis na Cuntais Náisiúnta agus is féidir an rannchuidiú a dhéanann sí le holl-bhreisluch agus le fostaíocht a thomhas. Faigheann an earnáil tacaíocht ó oibríthe deonacha neamhíochta, a chabhraíonn leis na clubanna a chothú agus lena n-oibríochtaí a choinneáil ar bun. I dtéarmaí eacnamaíocha, rannchuidíonn oibríthe deonacha le gníomhaíochtaí an spóirt pobail amaitéaraigh agus an scothspóirt ghairmiúil. Gan an rannchuidiú sin, ní bheadh an oiread céanna gníomhaíochtaí spóirt ar siúl agus bheadh sé níos costasaí na gníomhaíochtaí sin a sholáthar. Sa rannán seo, luacháiltear rannchuidiú ama oibríthe deonacha bunaithe ar an gcostas a bheadh i gceist le hiad a fhóstu ag an meánphá in aghaidh na huair. Níor cheart an luach neamh-mhargaidh sin a bhaineann le heagraíochtaí spóirt a úsáideann oibríthe deonacha a chur ar áireamh san oll-bhreisluch iarbhír a tháirgtear nuair a chuirtear an spórt i gcomparáid le hearnálacha eile den gheilleagar. Is iad na príomhfhoinsí sonraí a úsáideadh chun luacháil eacnamaíoch a dhéanamh ar obair dheonach sa spórt ná réamh-mheastacháin daonra de réir aoise, an ráitheachán ar Thuilleamh agus Costais Saothair, agus Monatóir Spóirt na hÉireann do na blianta 2017 agus 2019.

Léirítear i dTábla 4.10 an cur chuige a úsáideadh chun luach eacnamaíoch na hoibre deonaí sa spórt in Éirinn a dhíorthú, rud a meastar gur fiú €1,455m é. Chun críocha comparáideacha, bhí an meastachán comhfhreagrach don bhliain 2008 sa raon idir €322m agus €582m.

Chun luach airgeadaíoch a chur ar uaireanta oibre deonaí, d'úsáideamar an meánphá in aghaidh na huair a fhaigheann fostaíthe in Éirinn. I ndáiríre, beidh oibríthe deonacha sa raon idir aosaigh óga atá san oideachas agus nach bhfuil an oiread sin taithí acu ar obair dheonach a dhéanamh agus daoine aonair ardchálithe ardoilte a bhíonn ag déanamh obair dheonach ag céim dhéanach dá ngairm. Is é an bealach is fearr chun luach an speictrim oibríthe deonacha sin a léiriú ná an meánphá tionsclaíoch a úsáid.

**Tábla 4.10: Luach eacnamaíoch na hoibre deonaí sa spórt (2018)**

	2018
Daonra Phoblacht na hÉireann, sna mílte (POS)	4,857
An daonra atá níos mó ná 16 bliana d'aois, sna mílte (POS)	3,785
An céatadán d'oibríthe deonacha rialta (Monatóir Spóirt na hÉireann 2017/2019)	11.5%
<b>An líon oibríthe deonacha rialta, sna mílte</b>	<b>435.27</b>
An líon seachtainí oibre deonaí in aghaidh an duine in aghaidh na bliana (mar atá sa tuarascáil ó Indecon-SIRC)	40
An líon uaireanta oibre deonaí in aghaidh na seachtaine (Monatóir Spóirt na hÉireann 2019)	3.65
An líon uaireanta oibre deonaí in aghaidh na bliana (sna mílte)	63,549
An meántuilleamh in aghaidh na huair (POS)	€22.90
<b>Luach na hoibre deonaí</b>	<b>€1,455</b>
Luach na hoibre deonaí mar chéatadán d'oll-bhreisluch an spóirt	40%




Dá n-íocfadh na heagraíochtaí éagsúla a bhain tairbhe as obair dheonach sa spóirt as na 63,549 n-uaire a chuir oibrithe deonacha isteach, mhéadófaí an luach measta ar oll-bhreisluch an spóirt faoi 40% sa bhliain 2018.

## 4.7. An geilleagar spóirt i gcomhthéacs

Chun an geilleagar spóirt in Éirinn a chur i gcomhthéacs, chuireamar oll-bhreisluch an spóirt i gcomparáid leis an oll-bhreisluch a tháirgeann tionscail eile in Éirinn. Tá an chomparáid sin léirithe i bhFíor 4.6. Tógadh na staitisticí do na tionscail sin go díreach ó na Táblaí Oll-Bhreislucha ar shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

Chuireamar an spóirt i gcomparáid leis na hearnálacha eacnamaíocha seo a leanas (tá cóid NACE tugtha idir lúibíní): Foirgníocht (41 go 43); Seirbhísí cóiríochta agus bia (55, 56); Teileachumarsáid (61); Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin (35); Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht (01 go 03); lompar ar tír (49); Na healaíona, siamsaíocht agus áineas (90 go 92); agus Mianadóireacht agus cairéalú (05 go 09). Tabhair faoi deara nach bhfuil ansin ach rogha earnálacha eacnamaíocha in Éirinn a úsáideadh chun méid chomparáideach gheilleagar spóirt na hÉireann a léiriú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, d'úsáideamar praghsanna margaidh na bliana 2018 i ngach cás. B'ionann an tOll-bhreisluch a bhaineann leis an spóirt agus €3,671.8m sa bhliain 2018. I measc na gcatagóirí roghnaithe, is iad Foirgníocht agus Seirbhísí cóiríochta agus bia na haon ghníomhaíochtaí amháin ar mó a n-oll-bhreisluch ná oll-bhreisluch an Spóirt. Is mó tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leis an Spóirt (bunaithe ar oll-bhreisluch sa bhliain 2018) ná í sin a bhaineann leis na hearnálacha seo a leanas: Teileachumarsáid<sup>30</sup>; Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin; Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht; lompar ar tír; Na healaíona, siamsaíocht agus áineas; agus Mianadóireacht agus cairéalú. Léirítear sna comparáidí sin le hearnálacha eacnamaíocha suntasacha an tábhacht a bhaineann leis an spóirt in Éirinn mar ghníomhaíocht eacnamaíoch<sup>31</sup>. Is féidir an patrún ginearálta sin a fheiceáil ina lán tíortha den Aontas Eorpach trí na Cuntais Satailíte Spóirt uile-Eorpacha.

Fíor 4.6: Oll-bhreisluch tionscal roghnaithe in Éirinn, €m (2018)



Meastar gurb ionann agus €20,876m an tOll-bhreisluch iomlán a bhaineann leis na sé chatagóirí<sup>32</sup> ó Thábla lonchuir-Aschuir na hÉireann don bhliain 2018 a chomhfheagraíonn ar an mbealach is gaire do na hearnálacha a gcumhdaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iad. Tá an figiúr sin coibhéiseach le 8% de luach an gheilleagair náisiúnta.


<sup>30</sup> Tá na catagóirí seo mar atá sainmhínithe i dTáblaí lonchuir-Aschuir na hÉireann. Comhfheagraíonn Teileachumarsáid, mar shampla, do chód 61, Leagan Athbheithnithe 2 NACE, ar aicmiú é lena gcumhdaítear na nithe seo a leanas (i measc nithe eile): gníomhaíochtaí Teileachumarsáide sreangaithe; gníomhaíochtaí gan sreang; gníomhaíochtaí satailíte; agus soláthar rochtana Idirlín ag oibritheoir an bhonneagair shreangaithe, gan sreang agus shatailíte. (<https://ec.europa.eu/eurostat/documents/3859598/5902521/KS-RA-07-015-EN.PDF>).

<sup>31</sup> Tabhair faoi deara gur féidir go bhfuil an spóirt ar áireamh i roinnt de na catagóirí eile freisin. Dá bhrí sin, níl an chomparáid ach ina comparáid tháscach.

<sup>32</sup> Cóiríocht (cód 55); Seirbhísí foilsitheoireachta, scannánaíochta agus craoltóireachta (58-60); Seirbhísí Teileachumarsáide (61); Gníomhaireacht taistil, tionscnóir turas agus seirbhís áirithinte eile agus gníomhaíochtaí gaolmhara (79); Na healaíona, siamsaíocht agus áineas (90-92); agus Gníomhaíochtaí spóirt agus gníomhaíochtaí siamsaíochta agus áineasa (93).

Is ionann na hearnálacha atá curtha i láthair i bhFíor 4.7 agus iad sin atá curtha i láthair i bhFíor 4.6. Is í fostaíocht (mar choibhéisí lánaimseartha) atá curtha i láthair an babhta seo, áfach. Tá an spórt sa tríú háit go fóill, agus é taobh thiar de Sheirbhísí cóiríochta agus bia agus d’Fhoirgníocht. Mar sin féin, tá an tionscal Cóiríochta, seachas an tionscal Foirgníochta, ar an tionscal is mó i measc na gceanna a scrúdaíodh anois, mar gheall ar an líon an-mhór fostaithe ar phá réasúnta íseal atá le fáil ann. Ar an iomlán, léirítear sa dá ghraf go bhfuil an Spórt ina fhíorfhórsa eacnamaíoch in Éirinn ó thaobh cruthú saibhris de agus ó thaobh cruthú fostaíochta de araon.

**Fíor 4.7: Fostaíocht tionscal roghnaithe in Éirinn, sna milte (2018)**



## 5.1 Comhthéacs

Léirítear trí phríomhphointe sna sonraí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte atá luaite sa *Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn*<sup>33</sup>. Ar an gcéad dul síos, meastar neamhghníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn a bheith freagrach as na nithe seo a leanas: 9% de chásanna galair chorónaigh chroí (GCC); 11% de chásanna dhiaibéiteas chineál 2; 15% de chásanna ailse cíche; agus 16% de chásanna ailse drólainne. Ar an dara dul síos, is measa na staitisticí in Éirinn do gach ceann de na mórghalair sin ná an meán Eorpach agus an meán domhanda araon. Tá an chomparáid idir na staitisticí sin léirithe i dTábla 5.1. Ar an tríú dul síos, meastar, bunaithe ar thaighde idirnáisiúnta, go gcosnaíonn neamhghníomhaíocht fhisiciúil suas le €1.5 billiún ar Éirinn gach bliain. A mhéid is fearr is eol dúinn, níl aon mheastacháin shaincheaptha ann ar luach na dtairbhí sláinte a bhaineann go díreach le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn. Tá an staidéar seo ar an gcéad cheann riamh a bhfuil mar aidhm leis dul i ngleic leis an mbearna sin.

Tábla 5.1: An rannchuidiú a dhéanann neamhghníomhaíocht fhisiciúil le hualach na mórghalair

Galar	Éire	An Eoraip	An Domhan
Galar corónach croí (GCC)	9%	6%	6%
Diaibéiteas chineál 2	11%	7%	7%
Ailse cíche	15%	9%	10%
Ailse dhrólainne	16%	10%	10%

Tá na *Treoirínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn*<sup>34</sup> bunaithe ar shainfhianaise idirnáisiúnta agus cuirtear síos iontu ar na leibhéil chúil ghníomhaíochta fhisiciúla a chuireann feabhas ar shláinte dhaonra na hÉireann. Mar atá leagtha amach thíos, áirítear leis na treoirínte sin moltaí do leanaí agus daoine óga, moltaí d'aoisigh, moltaí do dhaoine faoi mhíchumas agus moltaí do dhaoine scothaosta.

- Ba cheart do **leanaí agus daoine óga** bheith gníomhach, ar leibhéal measartha go leibhéal dian, ar feadh 60 nóiméad ar a laghad gach lá. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh tabhairt faoi chleachtaí neartú matán, faoi chleachtaí solúbthachta agus faoi chleachtaí neartú cnámh trí huaire sa tseachtain.
- Ba cheart **d'aoisigh** gníomhaíocht mheasartha a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad sa lá ar a laghad cúig lá sa tseachtain (nó ar feadh 150 nóiméad sa tseachtain).
- Ba cheart do **dhaoine scothaosta** gníomhaíocht mheasartha a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad sa lá ar a laghad cúig lá sa tseachtain (nó ar feadh 150 nóiméad sa tseachtain), agus iad ag díriú ar ghníomhaíocht aeróbach, ar neartú matán agus ar chothromaíocht.
- Cé gur cheart **d'aoisigh faoi mhíchumas** bheith chomh gníomhach agus is féidir leo, ba cheart dóibh féachaint leis na treoirínte d'aoisigh a chomhlíonadh, is iad sin: gníomhaíocht mheasartha a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad sa lá ar a laghad cúig lá sa tseachtain (nó ar feadh 150 nóiméad sa tseachtain).

## 5.2 Cur chuige agus fionnachtana

### 5.2.1 Riochtaí sláinte

Chun a chinntiú gur láidir agus inchosanta atá na meastacháin a díorthaíodh trínár gcur chuige a úsáid, luachálamar riochtaí sláinte dá bhfuil fianaise eimpíreach láidir ar an gceangal atá ann idir an spórt/gníomhaíocht fhisiciúil agus feabhsuithe ar an tsláinte fhisiciúil agus ar an meabhairshláinte. Cuirtear i láthair i dTábla 5.2 na riochtaí sláinte a cuireadh ar áireamh sna ríomhanna uainn agus na laghduithe comhfhreagracha a bhí ann ar an riosca galair i measc aoisigh a ghlacann páirt sa spórt/i ngníomhaíocht fhisiciúil ar leibhéal measartha ar feadh 150 nóiméad ar a laghad (nó ar leibhéal dian ar feadh 75 nóiméad ar a laghad) in aghaidh na seachtaine. Tá an tairseach rannpháirtíochta sin comhsheasmhach go hiomlán leis na leibhéil mholta ghníomhaíochta d'aoisigh agus do dhaoine scothaosta laistigh de na Treoirínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

<sup>33</sup> <https://assets.gov.ie/12198/5f3dbab207f2464bba3b9b3f6d02bff6.pdf>

<sup>34</sup> <https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/our-priority-programmes/heal/heal-docs/the-national-guidelines-on-physical-activity-for-ireland.pdf>

<sup>35</sup> [https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/832868/uk-chief-medical-officers-physical-activity-guidelines.pdf](https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/832868/uk-chief-medical-officers-physical-activity-guidelines.pdf)

<sup>36</sup> [https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/216370/dh\\_128210.pdf](https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/216370/dh_128210.pdf)

Tá na toimhdí laghdú riosca atá léirithe i dTábla 5.2 bunaithe ar athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta<sup>35, 36</sup>. I gcás roinnt de na riochtaí sláinte sin, is teoranta d'fhoshampla den daonra aosach atá an fhianaise ar riosca laghdaithe, go háirithe i gcás ailse cíche (mná) agus i gcás néaltraithe agus bristeacha cromáin (daoine scothaosta).

**Tábla 5.2: Riochtaí a cuireadh ar áireamh sa luacháil ar an tionchar sláinte d'Éirinn**

Ríocht	Grúpa daonra	Laghdú riosca
<b>Sláinte fhisiciúil</b>		
Galar corónach croí (GCC) /stróc	Gach aosach	35%
Ailse chíche	Mná aosacha	20%
Ailse dhrólainne	Gach aosach	20%
Diaibéiteas chineál 2	Gach aosach	40%
Bristeacha cromáin	Daoine scothaosta	52%
Pian droma	Gach aosach	25%
<b>Meabhairshláinte</b>		
Néaltrú	Daoine scothaosta	30%
Dúlagar	Gach aosach	30%

Lasmuigh de na hocht riocht sláinte fhisiciúla agus meabhairshláinte atá sainaitheanta i dTábla 2.2, rinneamar iarracht luach barúlach a chur ar ghortuithe spóirt trí úsáid a bhaint as sonraí ionadacha ó thaighde roimhe<sup>37</sup>. Tá an luacháil ar ghortuithe spóirt curtha i láthair i rannán 5.2.6.

### 5.2.2 Leitheadúlacht galair

Tá na sonraí is déanaí atá ar fáil faoi leitheadúlacht ghinearálta na riochtaí sláinte roghnaithe i measc dhaonra na hÉireann curtha i láthair i dTábla 5.3. Rinneadh na sonraí sin a shainithint nó a mheas ó fhoinsí éagsúla. Mar shampla, tógadh an staitistic leitheadúlachta do dhúlagar ó bhabhta an tSuirbhé Éire Shláintiúil a rinneadh sa bhliain 2019 agus fuarthas na staitisticí ailse cíche agus ailse drólainne d'Éirinn trí úsáid a bhaint as uirlis idirghníomhach sonraí na Faireachlainne Domhanda Ailse, rud atá ar fáil ar líne. Tá na sonraí atá curtha i láthair san Fhaireachlann Dhomhanda Ailse ar na sonraí is fearr atá ar fáil do gach tír ar fud an domhain. Ós rud é gur le daonra na hÉireann ar fad a bhaineann na rátaí leitheadúlachta do roinnt riochtaí sláinte, is dócha go bhfuil leitheadúlacht galair i measc aosach gannmheasta iontu.

**Tábla 5.3: Leitheadúlacht galair in Éirinn**

Ríocht	Grúpa daonra	Ráta leitheadúlachta
<b>Sláinte fhisiciúil</b>		
Galar corónach croí (GCC) /stróc <sup>38</sup>	Gach aois	1.76%
Ailse chíche <sup>39</sup>	Mná (gach aois)	0.14%
Ailse dhrólainne <sup>39</sup>	Gach aois	0.04%
Diaibéiteas chineál 2 <sup>40</sup>	20 bliain d'aois go 79 mbliana d'aois	3.98%
Bristeacha cromáin <sup>41</sup>	60 bliain d'aois agus níos sine	0.39%
Pian droma <sup>42</sup>	Gach aois	8.73%
<b>Meabhairshláinte</b>		
Néaltrú <sup>43</sup>	65 bliana d'aois agus níos sine	7.25%
Dúlagar <sup>44</sup>	16 bliana d'aois agus níos sine	6.00%

<sup>37</sup> <https://sportengland-production-files.s3.eu-west-2.amazonaws.com/s3fs-public/2020-09/Social%20return%20on%20investment.pdf?5BgVln09jwpTesBJ4BXhVfRhV4TYgm9E>

<sup>38</sup> <https://www.bhf.org.uk/information-support/publications/statistics/european-cardiovascular-disease-statistics-2017>

<sup>39</sup> <https://gco.iarc.fr/today/data/factsheets/populations/372-ireland-fact-sheets.pdf>

<sup>40</sup> [https://www.diabetesatlas.org/upload/resources/material/20191218\\_144548\\_eur\\_factsheet\\_en.pdf](https://www.diabetesatlas.org/upload/resources/material/20191218_144548_eur_factsheet_en.pdf)

<sup>41</sup> <https://www.noca.ie/audits/irish-hip-fracture-database>

<sup>42</sup> [https://www.chronicpain.ie/sites/default/files/files/document\\_bank/CPI%20-%20Annual%20Activity%20Report%202017%20\(1\).pdf](https://www.chronicpain.ie/sites/default/files/files/document_bank/CPI%20-%20Annual%20Activity%20Report%202017%20(1).pdf)

<sup>43</sup> <https://www.alzheimer-europe.org/content/download/195515/1457520/file/FINAL%2005707%20Alzheimer%20Europe%20yearbook%202019.pdf>

<sup>44</sup> <https://assets.gov.ie/41141/e5d6fea3a59a4720b081893e11fe299e.pdf>

### 5.2.3 Sonraí faoi rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil

Ba ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann 2019<sup>45</sup> a tógadh na sonraí faoi rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Ba é an tairseach rannpháirtíochta a úsáideadh sa ríomh ná an tairseach atá sna Treoirínte Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil d'aoisigh agus do dhaoine scothaosta (gníomhaíocht mheasartha a dhéanamh ar feadh 150 nóiméad ar a laghad in aghaidh na seachtaine). Ar an iomlán, bhain 34% d'aoisigh Éireannacha an leibhéal gníomhaíochta sin amach sa bhliain 2019, lena n-áirítear spórt, siúl áineasa agus taisteal gníomhach (siúl nó rotháíocht a dhéanamh ar son an iompair). Chun críocha comparáideacha, léirítear sa Suirbhé Éire Shláintiúil 2019 go raibh 46% d'aoisigh Éireannacha measartha gníomhach ar feadh 150 nóiméad ar a laghad sa tseachtain<sup>46</sup>. Is leithne i bhfad an sainmhíniú ar ghníomhaíocht fhisiciúil a ghlactar sa Suirbhé Éire Shláintiúil ná an sainmhíniú a ghlactar i Monatóir Spóirt na hÉireann. Cuirtear san áireamh sa Suirbhé “gach gníomhaíocht a dhéanann freagraithe ag an obair, mar chuid dá n-obair tí agus le linn dóibh garraíodóireacht a dhéanamh agus taisteal, mar aon le haon gníomhaíocht a dhéanann siad chun críocha áineasa, aclaíochta nó spóirt nuair a bhíonn am saor acu”. Toisc go bhfuil an sainmhíniú ar ghníomhaíocht fhisiciúil a ghlactar i Monatóir Spóirt na hÉireann ailínithe níos gaire do shainchúram Spóirt Éireann, ba iad sonraí Mhonatóir Spóirt na hÉireann na sonraí a úsáideadh san anailís uainn.

Úsáideadh sonraí rannpháirtíochta ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann i gcomhar le meastacháin bhliantúla daonra ón bPríomh-Oifig Staidrimh chun ríomh a dhéanamh ar an líon daoine atá 16 bliana d'aois agus níos sine a chomhlíon an tairseach mholta gníomhaíochta fhisiciúla sa bhliain 2019. Is léirithe i dTábla 5.4 atá an líon rannpháirtithe a cuireadh ar áireamh sa luacháil ar gach riocht sláinte.

Tábla 5.4: An líon daoine a chomhlíon na Treoirínte Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil (TNGF) sa bhliain 2019

Riocht	Grúpa daonra	Méid daonra <sup>47</sup>	Ráta gníomhaíochta (TNGF) <sup>48</sup>	An líon rannpháirtithe
<b>Sláinte fhisiciúil</b>				
Galar corónach croí (GCC) /stróc	16 bliana d'aois agus níos sine	3.91m	34.38%	1.35m
Ailse chíche	Mná atá 16 bliana d'aois agus níos sine	1.99m	35.96%	0.72m
Ailse dhróilainne	16 bliana d'aois agus níos sine	3.91m	34.38%	1.35m
Diaibéiteas chineál 2	20 bliain d'aois agus níos sine	3.59m	33.73%	1.21m
Bristeacha cromáin	60 bliain d'aois agus níos sine	0.95m	33.32%	0.32m
Pian droma	16 bliana d'aois agus níos sine	3.91m	34.38%	1.35m
<b>Meabhairshláinte</b>				
Néaltrú	65 bliana d'aois agus níos sine	0.70m	31.89%	0.22m
Dúlagar	16 bliana d'aois agus níos sine	3.91m	34.38%	1.35m

<sup>45</sup> <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf>

<sup>46</sup> <https://assets.gov.ie/41141/e5d6fea3a59a4720b081893e11fe299e.pdf>

<sup>47</sup> <https://data.cso.ie/>

<sup>48</sup> <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf>


#### 5.2.4 Na cásanna galair a coisceadh

I gcás gach reachta sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte, mheasamar an líon féideartha cásanna galair a coisceadh trí aird a thabhairt ar na tosca seo a leanas:

- an riosca laghdaithe galair i measc aosach a bhíonn gníomhach go fisiciúil (Tábla 5.2);
- an leitheadúlacht iarbhrí galair i measc dhaonra na hÉireann (Tábla 5.3); agus
- céatadán agus dearbhmhéid dhaonra na hÉireann a chomhlíon na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil (Tábla 5.4).

Agus diaibéiteas chineál 2 á úsáid mar shampla, léirítear i bhFíor 5.1 an ráta leitheadúlachta galair i measc aosach Éireannacha (idir 20 bliain d'aois agus 79 mbliana d'aois), an ráta gníomhaíochta don chohórt sin agus an laghdú riosca don riocht sláinte sin chun ríomh a dhéanamh ar rátaí leitheadúlachta galair ar leith le haghaidh aosach a bhíonn sách gníomhach (i.e. iad sin a chomhlíonann na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil) agus le haghaidh aosach nach mbíonn sách gníomhach. I gcás na n-aosach sin a bhíonn sách gníomhach, ríomhadh ráta leitheadúlachta dhiaibéiteas chineál 2 a bheith cothrom le 2.76%, atá 40% níos ísle ná ráta leitheadúlachta dhiaibéiteas chineál 2 i measc aosach nach mbaineann an leibhéal molta gníomhaíochta amach (4.60%).


Fíor 5.1: Díorthú rátaí leitheadúlachta dhiaibéiteas chineál 2 le haghaidh aosach gníomhacha agus aosach neamhghníomhacha



Mar atá léirithe i bhFíor 5.2, úsáideadh an líon iomlán aosach a bhíonn gníomhach go fisiciúil (idir 20 bliain d'aois agus 79 mbliana d'aois) ansin i gcomhar leis na rátaí difreálacha leitheadúlachta galair le haghaidh aosach atá sainmhínithe a bheith gníomhach agus le haghaidh aosach atá sainmhínithe a bheith neamhghníomhach chun an líon féideartha cásanna de dhiaibéiteas chineál 2 a coisceadh a mheas.

Léirítear i dTábla 5.5 na staitisticí ábhartha a díorthaíodh do gach riocht sláinte. Measadh gur coisceadh níos mó ná 97,000 cás galair san iomlán in Éirinn sa bhliain 2019 ar fud na n-ocht riocht sláinte, lenar áiríodh beagnach 65,000 cás sláinte fisiciúla agus breis agus 32,000 cás meabhairshláinte.

Fíor 5.2: Díorthú na gcásanna de dhiaibéiteas chineál 2 a coisceadh



Tábla 5.5: Na cásanna galair a coisceadh in Éirinn sa bhliain 2019

Ríocht	Leitheadúlacht i measc daoine nach gcomhlíonann TNGF	Leitheadúlacht i measc daoine a chomhlíonann TNGF	Cásanna a coisceadh
<b>Sláinte fhisiciúil</b>			
Galar corónach croí (GCC) /stróc	2.00%	1.30%	9,429
Ailse chíche	0.15%	0.12%	213
Ailse dhrólainne	0.04%	0.03%	116
Diaibéiteas chineál 2	4.60%	2.76%	22,306
Bristeacha cromáin	0.47%	0.23%	776
Pian droma	9.56%	7.17%	32,133
<b>Iomlán na sláinte fhisiciúla</b>			<b>64,973</b>
<b>Meabhairshláinte</b>			
Néaltrú	8.02%	5.61%	5,342
Dúlagar	6.69%	4.68%	26,996
<b>Iomlán na meabhairshláinte</b>			<b>32,338</b>
<b>IOMLÁN FORIOMLÁN</b>			<b>97,311</b>

### 5.2.5 Coigiltí costais

Chun meastachán a dhéanamh ar na coigiltí costais is féidir a chur síos don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn, rinneadh an líon cásanna féideartha galair a coisceadh i measc an daonra a bhíonn gníomhach go fhisiciúil (ó Thábla 5.5) a iolrú faoin meánchostas bliantúil in aghaidh an duine a ndiagnósítear go bhfuil aon cheann de na hocht ríochtaí sláinte air/uirthi. Ní ionann an meánchostas bliantúil in aghaidh an duine do gach ríocht sláinte. I gcás ríochtaí sláinte áirithe (e.g. diaibéiteas chineál 2), ní bhaineann na costais ach le cúram sláinte amháin. I gcás ríochtaí sláinte eile (e.g. galar corónach croí/stróc), cumhdaítear leo costais níos leithne freisin, lena n-áirítear na costais a bhaineann le cúram neamhfhoirmiúil agus le cailteanas táirgiúlachta. I gcás aon ghalar ar ina leith nach rabhthas in ann sonraí costais a fhoinsíú go sonrach d'Éirinn, bhaineamar leas as sonraí costais don Ríocht Aontaithe nó don Eoraip. Tá an costas bliantúil 'in aghaidh an chóis' do gach ríocht sláinte curtha i láthair i dTábla 5.6. Tá tagairt déanta freisin do na foinsí sonraí atá taobh thiar de na costais.

Tábla 5.6: An meánchostas 'in aghaidh an cháis' do na hocht riocht sláinte

Riocht	Cúram sláinte (€)	Eile (€)	Iomlán (€)
<b>Sláinte fhisiciúil</b>			
Galar corónach croí (GCC) / stróc <sup>49</sup>	3,563	7,677	11,240
Ailse chíche <sup>50, 51</sup>	36,828	26,482	63,310
Ailse dhrólainne <sup>50, 51</sup>	36,828	26,482	63,310
Diaibéiteas chineál 2 <sup>52</sup>	5,480	N/B	5,480
Bristeacha cromáin <sup>53</sup>	16,641	N/B	16,641
Pian droma <sup>54</sup>	263	N/B	263
<b>Meabhairshláinte</b>			
Néaltrú <sup>55</sup>	18,294	N/B	18,294
Dúlagar <sup>55</sup>	1,990	2,835	4,825

Tabhair faoi deara: Tá na sonraí costais uile tugtha in euro, agus coigeartaíodh boilsciú go praghsanna na bliana 2019 trí úsáid a bhaint as áireamhán boilscithe an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh<sup>56</sup>.

Agus diaibéiteas chineál 2 á úsáid mar shampla, b'ionann agus 22,306 chás an líon iomlán cásanna a coisceadh agus b'ionann agus €5,480 an costas bliantúil in aghaidh an cháis. Fágann sé sin gurbh ionann agus €122.25m na coigiltí costais iomlána don riocht sláinte sin. Agus na sonraí ó Thábla 5.5 agus ó Thábla 5.6 á dtabhairt le chéile, b'fhíú thart ar €0.5 billiún iad na coigiltí costais comhiomlána a bhí ag gabháil leis na tairbhí sláinte fhisiciúla agus meabhairshláinte a tháinig as rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn sa bhliain 2019. Den mhéid sin, bhain €0.34 billiún (68%) le coigiltí costais cúram sláinte agus bhain €0.16 billiún (32%) le coigiltí costais eile. Is léirithe i dTábla 5.7 atá an miondealú ar choigiltí costais do gach riocht sláinte.

Tábla 5.7: Na coigiltí costais iomlána ó na cásanna galair a coisceadh

Riocht	Cúram sláinte (€m)	Eile (€m)	Iomlán (€m)
<b>Sláinte fhisiciúil</b>			
Galar corónach croí (GCC) / stróc	33.59	72.39	105.98
Ailse chíche	7.83	5.63	13.46
Ailse dhrólainne	4.27	3.07	7.34
Diaibéiteas chineál 2	122.25	N/B	122.25
Bristeacha cromáin	12.91	N/B	12.91
Pian droma	8.44	N/B	8.44
<b>Iomlán na sláinte fhisiciúla</b>	<b>189.29</b>	<b>81.09</b>	<b>270.38</b>
Néaltrú	97.72	N/B	97.72
Dúlagar	53.73	76.52	130.25
<b>Iomlán na meabhairshláinte</b>	<b>151.45</b>	<b>76.52</b>	<b>227.97</b>
<b>Iomlán na sláinte fhisiciúla</b>	<b>340.74</b>	<b>157.61</b>	<b>498.35</b>

<sup>49</sup> <https://www.bhf.org.uk/informationsupport/publications/statistics/european-cardiovascular-disease-statistics-2017>

<sup>50</sup> [https://www.ejcancer.com/article/S0959-8049\(20\)30026-5/pdf](https://www.ejcancer.com/article/S0959-8049(20)30026-5/pdf)

<sup>51</sup> <https://www.ncri.ie/sites/ncri/files/factsheets/Factsheet%20all%20cancers.pdf>

<sup>52</sup> [https://www.diabetesatlas.org/upload/resources/material/20191218\\_144548\\_eur\\_factsheet\\_en.pdf](https://www.diabetesatlas.org/upload/resources/material/20191218_144548_eur_factsheet_en.pdf)

<sup>53</sup> [https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC4740562/#:~:text=The%20total%20annual%20hospital%20costs,year%20\(Table%20%E2%80%8B4\).](https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC4740562/#:~:text=The%20total%20annual%20hospital%20costs,year%20(Table%20%E2%80%8B4).)

<sup>54</sup> <https://reader.elsevier.com/reader/sd/pii/S0304395999001876?token=4BE573F38280BD04E3F9CA78B950C09405D298A0A734112BBB7E137F8F31C9B86D903C9938CBDBCE872000>

<sup>55</sup> [https://onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.1111/j.1468-1331.2011.03590.x?saml\\_referrer](https://onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.1111/j.1468-1331.2011.03590.x?saml_referrer)

<sup>56</sup> <https://www.cso.ie/en/interactivezone/visualisationtools/cpiinflationcalculator/>



### 5.2.6 Gortuithe spóirt

De réir na *dTreoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil d'Éirinn*<sup>57</sup>, ní tharlaíonn ach gortú amháin gach 1000 uair a chaitear ag siúl agus tarlaíonn níos lú ná ceithre ghortú gach 1000 uair a chaitear ag rith. Is mionghortuithe gairide matánchnámharlaigh iad na gortuithe is coitianta, amhail stangadh a bhaint as matán nó as teannán. Ina ainneoin sin, tá sé tábhachtach a aithint gur féidir le gortuithe tarlú agus gur féidir go mbeidh costas físcach ag baint leo i gcásanna áirithe.

In éagmais sonraí láidre a bheith ann faoin líon gortuithe atá bainteach leis an spóirt agus le gníomhaíocht fhisiúil in Éirinn, ghlacamar cur chuige malartach chun na costais ar dóigh dóibh a bheith ag baint leo a mheas. Nuair a ríomhamar tionchar sláinte an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiúla i Sasana sa bhliain 2018<sup>58</sup>, fuairamar amach go raibh an tionchar dearfach (coigiltí costais cúram sláinte) a bhain leis na hocht riocht atá ar áireamh sa taighde seo thart ar 73% níos airde ná an tionchar diúltach (costas físcach) a bhain le cásanna Timpistí agus Éigeandála a taifeadh mar ghortuithe spóirt.

Má chuirimid an toimhde chéanna i bhfeidhm i leith an mheastacháin ar choigiltí costais cúram sláinte d'Éirinn (€0.34 billiún), faighimid meastachán barúlach €93.07 milliún do na costais a bhain le gortuithe spóirt sa bhliain 2019. Ba cheart caitheamh go cúramach leis an meastachán sin ar dhá chúis: ar an gcéad dul síos, níl sé bunaithe ar shonraí faoi ghortuithe spóirt in Éirinn; agus, ar an dara dul síos, is dócha go ngannmheastar costas na ngortuithe spóirt uile i gcásanna timpistí agus éigeandála. Mar sin féin, trína aithint gurb ann do chostais den sórt sin agus trí léargas a fháil ar na figiúirí ar dóigh dóibh a bheith i gceist leo, tagtar ar dhearcadh níos cothromaithe ar thionchar sláinte an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiúla.

### 5.2.7 Achoimre agus réamh-mheastacháin ar an tionchar sláinte

Tá achoimre le fáil i dTábla 5.8 ar na meastacháin cheannlíne do thionchar sláinte fhisiúla agus meabhairshláinte an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiúla in Éirinn sa bhliain 2019. Agus aird á tabhairt ar an gcostas físcach barúlach a bhaineann le gortuithe spóirt, meastar gur cothrom le €0.41 billiún atá glanluach na dtairbhí sláinte fhisiúla agus meabhairshláinte a bhaintear amach trí rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiúil in Éirinn.

Tábla 5.8: Achoimre ar an tionchar sláinte

Riocht	Cásanna a Coisceadh	Coigiltí costais (€m)
Sláinte fhisiúil	64,973	270.38
Meabhairshláinte	32,338	227.97
<b>IOMLÁN FORIOMLÁN</b>	<b>97,311</b>	<b>498.35</b>
<i>Lúide: Gortuithe</i>		<i>(93.07)</i>
<b>GLANLUACH</b>		<b>405.28</b>

De réir Mhonatóir Spóirt na hÉireann 2019, tá 53% den daonra (daoine atá 16 bliana d'aois agus níos sine) aicmithe a bheith 'measartha gníomhach' (27%) nó 'beagáinín gníomhach' (26%)<sup>59</sup>. Más féidir roinnt de na daoine aonair sin a spreagadh na híosleibhéil mholta ghníomhaíochta d'aoisigh agus do dhaoine scothaosta a bhaint amach (gníomhaíocht mheasartha a dhéanamh ar feadh 150 nóiméad ar a laghad in aghaidh na seachtaine), is amhlaidh go mbeidh gnóthachain mhóra le baint amach i riocht coigiltí costais cúram sláinte agus i riocht mórchoigiltí costais araon, mar atá léirithe sna réamh-mheastacháin i dTábla 5.9.

Tá na réamh-mheastacháin sin bunaithe ar na toimhdí tábhachtacha seo a leanas a díorthaíodh ó na ríomhanna uainn ar thionchar sláinte an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiúla in Éirinn sa bhliain 2019.

1. I gcás gach 100,000 aosach a chomhlíonann na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil, coiscítear 7,235 chás galair.
2. Is é €5,121 an meánchostas bliantúil (an meánluach bliantúil) in aghaidh an cháis ar fud na riochtaí uile.
3. Tá costais cúram sláinte freagrach as 68% de na costais iomlána.
4. Tá na coigiltí costais cúram sláinte ó ghalair a chosc 73% níos airde ná an costas físcach a bhaineann le gortuithe spóirt.

<sup>57</sup> <https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/our-priority-programmes/heal/heal-docs/the-national-guidelines-on-physical-activity-for-ireland.pdf>

<sup>58</sup> <https://sportengland-production-files.s3.eu-west-2.amazonaws.com/s3fs-public/2020-09/Social%20return%20on%20investment.pdf?5BgVln09jwpTesBJ4BXhVfRhV4TYgm9E>

<sup>59</sup> <https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf>

Tábla 5.9: Réamh-mheastacháin ar na coigiltí costais faoi chásanna difriúla rannpháirtíochta

Ráta Gníomhaíochta	An líon daoine a chomhlíonann TNGF	An líon cásanna galair a coisceadh	Coigiltí costais féideartha (€m)		
			Ollchoigiltí	Costais ghortaithe a tabhaíodh	Glanchoigiltí
34% (Figiúr reatha)	1.35m	97,311	498.35	(93.07)	405.28
35%	1.37m	99,070	507.37	(94.76)	412.61
40%	1.57m	113,223	579.85	(108.29)	471.56
45%	1.76m	127,376	652.33	(121.83)	530.50

Tabhair faoi deara: Tá na réamh-mheastacháin sa tábla seo bunaithe ar an gcéatadán den daonra a chomhlíonann na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil (gníomhaíocht fhisiúil a dhéanamh ar feadh 150 nóiméad ar a laghad in aghaidh na seachtaine). Tá sé mar sprioc ag an mBeartas Náisiúnta Spóirt an líon aosach a imríonn an spórt go rialta a mhéadú go 60%. Sa bhliain 2019, ba é 1.35 an cóimheas idir daoine a d'imir an spórt go rialta (46%) agus daoine a bhí aicmithe a bheith 'an-ghníomhach' (34%), bunaithe ar Mhonatóir Spóirt na hÉireann. Dá bhrí sin, beidh ar 44.4% d'aosaigh na Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil a chomhlíonadh ar mhaithe leis an sprioc faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt a bhaint amach – is é sin, 60% d'aosaigh a spreagadh an spórt a imirt go rialta.

### 5.2.8 Eisiaimh

Ní chumhdaítear leis na riochtaí sláinte atá luacháilte sa taighde seo an tionchar iomlán atá ag an spórt agus ag gníomhaíocht fhisiúil ar an tsláinte in Éirinn. I gcás roinnt de na heisiaimh atá leagtha amach thíos, tá tuilleadh fianaise eolaíche ag teastáil chun an éifeacht bheacht atá ag an spórt agus ag gníomhaíocht fhisiúil ar an tsláinte fhisiúil agus ar an meabhairshláinte a shuí. Is féidir eisiaimh eile a chur síos do laigí sonraí.

- Is féidir le leibhéal gníomhaíochta atá faoi bhun na leibhéal atá sna Treoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil tairbhí sláinte a sholáthar agus an riosca galair a laghdú freisin. Tá sé deacair luach airgeadaíoch a chur ar na nithe sin, áfach, toisc nach ndéantar laghduithe riosca do leibhéal níos ísle gníomhaíochta (níos lú ná 150 nóiméad in aghaidh na seachtaine) a chainníochtú ar an mbealach céanna agus toisc go bhfuil easpa fianaise eimpíre ann ina leith.
- Mar an gcéanna, níor luachálar tionchar sláinte an spóirt agus na gníomhaíochta físiúla ar leanaí agus daoine óga mar gheall ar an easpa fianaise eimpíre atá ann ar na torthaí.
- Ní chumhdaítear leis na meastacháin uainn na coigiltí costais uile a bhaineann le galar a chosc. I gcás riochtaí sláinte áirithe, ní bhaineann na meastacháin ach le coigiltí costais cúram sláinte.
- Rinneamar breithniú ar na tairbhí sláinte 'coisctheacha' a bhaineann leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiúil. Tá easpa fianaise eimpíre láidre ann ar na tairbhí sláinte 'teiripeacha' lena mbaineann (i.e. an spórt agus gníomhaíocht fhisiúil a úsáid chun tinnis éagsúla a chóireáil).
- Cé go bhfuil roinnt fianaise ann go bhfuil ceangal ann idir gníomhaíocht fhisiúil agus riosca laghdaithe galair theagmhálaigh thógálaigh<sup>60</sup>, níl sé lánsoiléir cé chomh láidir agus atá an fhianaise sin (agus cé na riochtaí sonracha lena mbaineann sí). Dá bhrí sin, ní rabhtas in ann an ceangal sin a luacháil i dtéarmaí eacnamaíocha.
- Dhíorthaíomar meastachán barúlach ar na costais a bhaineann le gortuithe spóirt in Éirinn trí úsáid a bhaint as sonraí ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn agus as sonraí a bhaineann le cásanna timpistí agus éigeandála amháin. Dá bhrí sin, is gá an ghné sin a imscrúdú agus a bheachtú ar bhealach níos grinne.

<sup>60</sup> [https://papers.ssrn.com/sol3/papers.cfm?abstract\\_id=3673184](https://papers.ssrn.com/sol3/papers.cfm?abstract_id=3673184)

## 6.1 Tionchar eacnamaíoch an spóirt

Léirítear i dtorthaí an taighde seo a thábhachtaí atá an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil do gheilleagar na hÉireann. Léirítear sa tuarascáil seo gur gineadh caiteachas tomhaltóirí suntasach, oll-bhreisluch suntasach agus fostaíocht shuntasach d'Éirinn as an spóirt agus as gníomhaíocht fhisiciúil sa bhliain 2018. Tháinig méadú i ndáiríre ón mbliain 2008 i leith ar a thábhachtaí atá na táscairí sin. Ina theannta sin, tá fostaíocht a bhaineann leis an spóirt ag fás ar ráta atá níos gasta ná an fás fostaíochta foriomlán in Éirinn agus, ón mbliain 2008 i leith, tá sí ag fás ar ráta atá níos gasta ná an ráta ar a bhfuil an tOll-bhreisluch a bhaineann leis an spóirt ag fás, rud lena léirítear ról an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiciúla i bpoist agus aschur a ghiniúint agus a chothabháil. Achoimrítear sna pointí le hurchair thíos na príomhfhionnachtana atá curtha i láthair sa tuarascáil seo:

- B'ionann luach iomlán an chaiteachais tomhaltóirí a bhaineann leis an spóirt agus €3,341.6m sa bhliain 2018. B'ionann an figiúr sin agus méadú 77% ar an bhfigiúr don bhliain 2008. I gcomparáid leis an gcaiteachas tomhaltóirí in Éirinn ina hiomláine, d'éirigh go geal leis an ngeilleagar spóirt, agus a sciar á mhéadú aige ó 2.0% sa bhliain 2008 go 3.1% sa bhliain 2018.
- Is ar rannpháirtíocht a dhírítear cuid mhór den chaiteachas tomhaltóirí ar an spóirt. Mar shampla, is iad 'síntiús le clubanna spóirt' (€622.9m), 'éadach agus coisbheart spóirt' (€568.8m), 'síntiús le haclaíocht agus damhsa' (€490.9m), 'táillí iontrála a bhaineann le rannpháirtíocht' (€427.2m) agus 'earraí spóirt agus rothair' (€345.2m) na catagóirí is mó caiteachas. Dá bhrí sin, cé is moite de chearrbhachas agus de chraoltóireacht, is iad na gnéithe rannpháirtíochta den spóirt a bhrúnn an margadh chun cinn.
- Tháinig feabhas ar gheilleagar spóirt na hÉireann ó thaobh oll-bhreislucha de agus ó thaobh fostaíochta de araon ón mbliain 2008 i leith.
- Ba é €3,671.8m an tOll-bhreisluch a bhaineann leis an spóirt sa bhliain 2018. Tháinig méadú 101% air ón mbliain 2008 i leith.
- Sa bhliain 2018, taifeadh an leibhéal fostaíochta is mó riamh sa spóirt (64,080 duine), i ndearbthéarmaí coibhéise lánaimseartha agus i gcoibhneas lena sciar den fhostaíocht iomlán (2.8%) araon.
- Is mó sciar an spóirt den fhostaíocht (2.8%) ná sciar an spóirt den oll-bhreisluch (1.4%). Tá sé sin ag teacht leis an eispéreas san Eoraip, á léiriú go bhfuil an spóirt ina uirlis éifeachtach beartais le haghaidh fostaíochta a ghiniúint. Is dócha go mbeidh sé sin éifeachtach go háirithe le linn tréimhsí ina bhfuil cúlú eacnamaíochta.
- Ba í an earnáil pobail an earnáil ba mhó den fhostaíocht a bhaineann leis an spóirt sa bhliain 2018, ag tacú di le 20,690 post nó 32% den fhostaíocht ar fad a bhaineann leis an spóirt in Éirinn. Tacaíonn an earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála agus an earnáil phoiblí le 24%, 23% agus 21% faoi seach de na poist in Éirinn a bhaineann leis an spóirt.
- Is iad na gnéithe rannpháirtíochta den spóirt a bhrúnn an margadh chun cinn. Is léiriú é sin go mbeadh difear láidir don gheilleagar ag gabháil le hathrú beag i rátaí rannpháirtíochta.
- Mar gheall ar an gceannas ar leith atá ag an ngné rannpháirtíochta den gheilleagar spóirt, tugtar le tuiscint gur dócha go n-imreoidh aon mhéadú i rátaí rannpháirtíochta tionchar mór ar na meastacháin ar fhostaíocht, ar oll-bhreisluch agus ar chaiteachas tomhaltóirí. Dá bhrí sin, is dócha gur féinmhaoinitheach a bheidh aon iarracht rathúil agus aon infheistíocht rathúil a dhéanfar chun rannpháirtíocht sa spóirt a mhéadú.
- Mar gheall ar an leibhéal reatha infheistíochta, caiteachais agus rannpháirtíochta sa spóirt, ghin an Rialtais Láir ioncam suntasach ón spóirt, ar ioncam é atá níos mó ná a chaiteachas foriomlán. Go deimhin, is féidir leis an rialtas a chaiteachas ar an spóirt a dúbailt agus barrachas dearfach a choinneáil ar bun ag an am céanna. Fágann sé sin go bhfuil cuspóirí reatha an Bheartais Náisiúnta Spóirt inghnóthaithe agus réalaióch.
- Tá obair dheonach neamhíochta ina toisc thábhachtach maidir le rannpháirtíocht sa spóirt a éascú. Cuireadh luach €1.455 billiún ar obair dheonach sa spóirt don bhliain 2018. Dá n-íocfaí as an obair sin, mhéadófaí oll-bhreisluch faoi 40%.
- Cruthaítear fostaíocht sa spóirt go príomha tríd an líonra clubanna spóirt agus tríd an earnáil tráchtála, a bhfuil aici iolraitheoir an-ard atá bainteach le seirbhísí spóirt agus le foirgníocht. Rannchuidíonn an earnáil phoiblí go príomha trí oideachas agus riarachán a bhaineann leis an spóirt.

## 6.2 Tionchar sláinte an spóirt

Léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil tionchar intomhaiste suntasach ag an spóirt agus ag gníomhaíocht fhisiciúil ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na rannpháirtithe in Éirinn a bhaineann na Treoirí Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil amach (níos mó ná 150 nóiméad in aghaidh na seachtaine ar a laghad). Meastar gur coisceadh breis agus 97,000 cás galair in Éirinn sa bhliain 2019 mar thoradh ar rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Is ionann é sin agus €0.5 billiún, beagnach, i gcoigiltí cúraim sláinte agus i mórchoigiltí costais. Measadh costas barúlach na ngortuithe spóirt a bheith cothrom le thart ar €93 milliún. Dá bhrí sin, b'fhiú an glanhnóthachan sa tsláinte thart ar €0.4 billiún. Mheasamar go bhfuil seans ann go méadófar luach na dtairbhí sláinte tuilleadh fós go níos mó ná €0.5 billiún má mhéadaítear ó 34% go 45% an céatadán d'aosaigh Éireannacha a bhíonn ag tabhairt faoin leibhéal molta gníomhaíochta. Gan na meastacháin airgid sin ar choigiltí costais a áireamh, tá fianaise eolaíoch ag teacht chun cinn ina leagtar béim ar na tairbhí sláinte a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh le linn phaindeim Covid-19.

- Tá ceangal ann idir gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh go rialta ar leibhéal measrtha go leibhéal dian agus riosca laghdaithe go dtolgfai galar tógalach sa phobal agus riosca laghdaithe mortlaíochta de dheasca galar tógalach. Cuireann sí feabhas ar chéad líne cosanta an chórais imdhíonachta agus méadaíonn sí láidreacht vacsaínithe freisin<sup>61</sup>.
- Tá ceangal láidir ann idir na treoirí um ghníomhaíocht fhisiciúil a chomhlíonadh go seasta agus riosca laghdaithe go bhfaigheadh aosaigh ionfhabhtaithe drochthorthaí de dheasca Covid-19 (an riosca go gcuirfí san ospidéal iad, go ligfí isteach in aonad dianchúraim iad nó go bhfaigheadh siad bás)<sup>62</sup>.

Cé nach féidir i láthair na huair na tairbhí sláinte sin a luacháil ar an dóigh chéanna a luacháiltear galair neamhtheagmhálacha, tugtar tuilleadh fianaise iontu ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil rialta a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus í a chur ar áireamh i ngnáthchúram leighis chun an tionchar atá ag paindeimí a mhaolú.

## 6.3 Moltaí an taighde

Tá roinnt réimsí ann a measaimid gur cheart do Spóirt Éireann tuilleadh taighde a dhéanamh orthu mar ábhar tosaíochta chun tuiscint a fheabhsú agus chun léargas níos cruinne a fháil ar luach an spóirt agus na gníomhaíochta fhisiciúla in Éirinn.

### 6.3.1 An tionchar eacnamaíoch

Chun éifeacht iomlán an spóirt i bPoblacht na hÉireann a thuiscint, ba cheart Cuntas Satailíte Spóirt a chruthú i gcomhréir leis na moltaí ón Aontas Eorpach agus le sainmhíniú Vilnias, rud a nglactar leis mar bhonn do Chuntas Satailíte ar fud an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí cuntas den sórt sin a nuashonrú gach bliain nuair a tháirgeann an Phríomh-Oifig Staidrimh Táblaí lonchuir-Aschuir nua agus d'fhéadfaí éifeachtaí díreacha an spóirt a nascadh leis trí na hionraiteoirí don gheilleagar ar fad.

Tá cuntais satailíte nó córais satailíte ina síntí ar an gCóras Cuntas Náisiúnta. Tá na Táblaí lonchuir-Aschuir ina gcuid dhílis de Chóras Cuntas Náisiúnta. Nuair a thógaimid Cuntas Satailíte Spóirt, imscrúdaímid gach catagóir den Chóras Cuntas Náisiúnta chun teacht ar inneachar spóirt. Tá an spóirt ina chuid de mhórán catagóirí tionsclaíoch; mar shampla, tagann iriseoireacht spóirt faoi léiriú meán, tá monaraíocht bróg spóirt aicmithe laistigh d'éadach, etc. Is é an príomhniú a dhéantar le Cuntas Satailíte Spóirt ná an t-inneachar spóirt (i gcomhréir le sainmhíniú Vilnias ar an spóirt) a asbhaint ó gach gníomhaíocht sna Táblaí lonchuir-Aschuir. Tar éis é sin a dhéanamh, bheadh fáil réidh ann ar fhigiúirí maidir le holl-bhreisluch an spóirt agus maidir le fostaíocht sa spóirt. Is dócha go soláthrófar leis an gCuntas Satailíte Spóirt torthaí níos airde ná aon mhodheolaíocht eile, toisc nach bhféachtar ann ar dtús ar na suirbhéanna atá ar fáil ar réimsí ina bhfuil an spóirt i láthair. Ina ionad sin, féachtar ann ar an ngeilleagar ina iomláine, rud nach mór a shamhaltú chun teacht ar inneachar spóirt<sup>63</sup>.

Cé gur cumhdaíodh roinnt fianaise sa tuarascáil seo agus i dtaighde roimhe ar an gceangal atá ann idir an turasóireacht spóirt agus mórimeachtaí, ní mór creat taighde a fhorbairt, bunaithe ar bhailiú sonraí príomhúla, chun gur féidir meastóireacht iomlán a dhéanamh ar imeachtaí agus ar thaisteal spóirt. Lasmuigh den chreat imeachtaí, is féidir turasóireacht idirnáisiúnta a aicmiú mar thurasóireacht a bhaineann leis an spóirt más rud é gurb í rannpháirtíocht sa spóirt an mhórchúis atá léi nó go bhfuil sí bunaithe ar ionad spóirt amhail ionad gailf nó ionad sciála. Ábhar eile don taighde, dá bhrí sin, is ea sonraí príomhúla a bhailiú ar an gcúis is mó atá ag turasóirí le taisteal ionas gur féidir aon chineálacha tionchair a bhaineann leis an spóirt a chumhdach.

<sup>61</sup> <https://link.springer.com/article/10.1007/s40279-021-01466-1>

<sup>62</sup> <https://bjsm.bmj.com/content/early/2021/04/07/bjsports-2021-104080>

<sup>63</sup> Is féidir sampla de chuntas satailíte spóirt a fheiceáil sa tuarascáil ón Aontas Eorpach dar teideal: Staidéar ar thionchar eacnamaíoch an spóirt trí chuntais satailíte spóirt - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu)

### 6.3.2 An tionchar sláinte

Tá tuilleadh taighde ag teastáil chun luacháil a dhéanamh ar an tionchar ar riochtaí sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte atá ag an spórt agus ag gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh ar feadh 150 nóiméad ar a laghad in aghaidh na seachtaine atá molta sna Treoirí Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil. Is é a bheidh i gceist leis an obair sin, is dócha, ná roinnt toimhdí a dhéanamh maidir leis na laghduithe riosca galair a ghabhann le leibhéil níos ísle ghníomhaíochta.

B'fhiú imscrúdú níos grinne a dhéanamh ar na costais a bhaineann le gortuithe spóirt trí úsáid a bhaint as sonraí atá sonrath d'Éirinn faoin líon daoine a ligtear isteach i rannóga timpistí agus éigeandála agus faoi chostas na cóireála. B'fhiú freisin scóip an taighde a leathnú chun go n-áireofaí leis mionghortuithe nach dteastaíonn cóireáil leighis phráinneach uathu.

### 6.3.3 An Toradh Sóisialta ar Infheistíocht

Mar mholadh ginearálta deiridh, ba cheart do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar mheasúnú níos iomlánaíche a choimisiúnú ar na cineálacha tionchair shóisialta atá ag an spórt agus ag gníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn trí úsáid a bhaint as creat um Thoradh Sóisialta ar Infheistíocht. Bíonn úsáid mhéadaitheach á baint as Toradh Sóisialta ar Infheistíocht ar fud raon leathan réimsí beartais, go háirithe i measc gníomhaireachtaí poiblí agus carthanas, chun luach sóisialta a thomhas agus chun údar a thabhairt le hinfheistíocht phoiblí. Cuirtear in iúl i staidéar ar Thoradh Sóisialta ar Infheistíocht an luach a ghabhann le torthaí sóisialta éagsúla i ndáil leis na costais a bhaineann leis an mbonneagar agus na deiseanna don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar. Is féidir an cur chuige sin a úsáid chun an cóimheas idir tairbhí agus costais a ríomh. Agus an cur chuige sin á úsáid againn, fuair amach go raibh an Toradh Sóisialta ar Infheistíocht don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil i Sasana cothrom le £3.28 sa bhliain 2017/18. Ciallaíonn sé sin gur cruthaíodh tionchar sóisialta arbh fhiú £3.28 é do dhaoine aonair agus don tsochaí ar gach £1 a infheistíodh sa spórt agus i ghníomhaíocht fhisiciúil i Sasana an bhliain sin.

Bhreithníomar sa taighde seo ceann amháin de na príomhthorthaí sóisialta a d'úsáidfid i staidéar ar an Toradh Sóisialta ar Infheistíocht (i.e. sláinte), ar toradh é dá bhfuil fianaise inchainníochtaithe an-láidir ann ar an gceangal atá aige leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil. Cumhdaítear sa taighde freisin an meastachán eacnamaíoch ar obair dheonach sa spórt, lena gcuimsítear ionchur neamhairgeadais chun tacú leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil agus toradh i dtaca leis an luach neamh-mhargaidh a ghintear d'eagraíochtaí spóirt a bhaineann úsáid as oibríthe deonacha. Tá folláine, caipiteal sóisialta, gnóthachtáil oideachais agus laghdú coireachta i measc na bpríomhnithe a fágadh ar lár ón taighde seo agus a d'fhéadfaí a mheasúnú (ar nithe iad nach bhfuil fianaise chomh forbartha céanna ar fáil dóibh agus ar gá taighde saincheaptha a dhéanamh orthu).

# AGUISÍNÍ

# AGUISÍN: Ceistanna an tsuirbhé ar an spórt pobail



## Ceist 1:

Cén cineál eagraíochta a bhfuil tú ag tabhairt freagra thar a cheann?  Club spóirt deonach  
 Eile

## Ceist 2:

Cén t-ainm atá ar do chlub?

## Ceist 3:

Cén t-ainm atá ar do chlub?

## Ceist 4:

Ó na spóirt atá liostaithe thíos, cuir in iúl cé na cinn a soláthraíodh sa bhliain 2018.

Peil Mheiriceánach	mhíchumas	Oilimpeach	Taekwondo
Slatiascaireacht	Eachaíocht	Treodóireacht	Leadóg
Boghdóireacht	Peil Ghaelach	Parailimpicí	Babhláil Deich bPionna
Lúthchleasaíocht	Liathróid Láimhe Ghaelach	Peantatlan	Trí-atlan
Badmantan	Galf	Galf Dhá Mhaide	Slatiascaireacht Breac
Daorchluiche/Bogliathróid	Gleacaíocht	Liathróid Raicéid	Tarraingt na Téide
Cispheil	Haca	Cluiche Corr (CLG)	Spóirt faoi Uisce
Casadh an Bhaitín	Caitheamh Crú Capaill	Rámhaíocht	Fis-Spóirt
Billéardaí/Snúcar	Iománaíocht	Rugbaí Sraithe	Eitpheil
Bol-Chumann	Haca Oighir	Rugbaí	Sciáil Uisce agus
Bollaí	Scátáil Oighir	Seoltóireacht/	Clársheoltóireacht
Dornálaíocht	Júdó	Luamhaireacht	Póló Uisce
Camógaíocht	Caráité	Lámhach	Tógáil Meáchain
Canúáil	Crosógaíocht	Spóirt Sneachta	Coraíocht
Lámhach Créphlátaí	Ealaíona Comhraic	Sacar	Eile ( )
Garbhiascaireacht	Gluaisrothaíocht	Oilimpicí Speisialta	
Cruicéad	Rásaíocht Mótair	Uaimheolaíocht	
Cróice	Na Cluichí Pobail Náisiúnta	Surfáil	
Spóirt Bodhar	Líonpheil	Snámh	
Spóirt do dhaoine faoi	Liathróid Láimhe	Leadóg Bhoird	

## Ceist 5:

Cuir in iúl an líon iomlán ball cláraithe a bhí agat sa bhliain 2018.

## Ceist 6:

Cuir in iúl an líon iomlán rannpháirtithe cláraithe gníomhacha a bhí agat sa bhliain 2018.

## Ceist 7:

Cuir in iúl an líon daoine a bhí fostaithe agat (ar bhonn íoctha) sa bhliain 2018:

An líon fostaithe lánaimseartha

An líon fostaithe páirtaimseartha

## Ceist 8:

Cuir in iúl an líon oibrithe deonacha a thug cabhair duit sa bhliain 2018.

## Ceist 9:

Cuir in iúl an líon uaireanta a chuir oibrithe deonacha isteach gach seachtain sa bhliain 2018.

### **Ceist 10:**

**Cuir in iúl an méid ioncain a fuarthas sa bhliain 2018 faoi na ceannteidil ioncain seo a leanas:**

- Sintiúis imreoirí/ball agus táillí rannpháirtíochta imreoirí/ball
- Táillí iontrála/fáltais gheata - imeachtaí spóirt
- Táillí iontrála/fáltais gheata - imeachtaí eile
- Campaí spóirt, clár spóirt, blas-seisiúin agus cúrsaí traenála
- Trealamh a ligean ar cíos le himreoirí/baill
- Fógraíocht agus Urraíocht
- Cruinniú airgid, lena n-áirítear crannchuir agus raifilí
- Fáltais bheáir agus bhialainne/lónadóireachta
- Eile – gach ioncam neamhdheontais eile
- Deontais (e.g. deontais ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, ó Spórt Éireann, ó Ranna Rialtais agus ó Údaráis Áitiúla, Deontais Chaipitil Spóirt, etc.)

### **Ceist 11:**

**Cuir in iúl an méid caiteachais sa bhliain 2018 faoi na ceannteidil chaiteachais seo a leanas:**

- Pá agus Tuarastail (lena n-áirítear táillí a íocadh le himreoirí agus le réiteoirí)
- Fruiliú agus cíosanna páirceanna imeartha
- Rátaí Údaráis Áitiúil
- Trealamh (e.g. trealamh spóirt nó trealamh eile a fhruiliú)
- Fóntais (e.g. Teas agus Solas, Teileafónaíocht/Cumarsáid, etc.)
- Soláthairtí beáir agus Soláthairtí Bialainne/Lónadóireachta
- Eile – gach caiteachas reatha eile

### **Ceist 12:**

**Cuir in iúl an meánmhéid caiteachais chaipitil thar na trí bliana seo a chuaigh thart: (e.g. foirgnimh, foirgníocht agus trealamh; bonneagar agus trealamh a bhaineann leis an spórt agus riarachán; teicneolaíocht na faisnéise):**

- Caiteachas caipitil – meánfhigiúr bliantúil don tréimhse 2016-2018
- Caiteachas caipitil – iomlán bliantúil don bhliain 2018



## AGUISÍN: Foinsí sonraí don tionchar eacnamaíoch



Foinsíodh an chuid is mó de na sonraí ó bhunachar sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh chun ioncam agus caiteachas a shainathint de réir eanála. Tugtar sa tábla thíos forbhreathnú ar an dóigh ar úsáideadh na foinsí sonraí éagsúla chun bonn eolais a chur faoin samhaltú ar an tionchar eacnamaíoch do na hearnálacha a scrúdaíodh. Is féidir linn caiteachas pá a mheas ansin trí úsáid a bhaint as an gcaiteachas iomlán i ngach catagóir agus as na cóimheasa éagsúla do chaiteachas pá a díorthaíodh ó Tháblaí Ionchuir-Aschuir nó trí chuntais bhliantúla de chuid cuideachtaí. Is féidir linn úsáid a bhaint as an meastachán sin ar chaiteachas pá agus as an meánphá chun cabhrú linn fostaíocht a mheas. Ar deireadh thiar, is trí chóras idirghníomhaíochtaí a dhéanann gach iontráil sonraí difear don gheilleagar spóirt ar fad. Mar shampla, cé go ndéanann caiteachas ar éadach spóirt difear go príomha do chaiteachas tomhaltóirí, imríonn sé tionchar ar ioncam Rialtais ansin trí cháin bhreisluacha. Ar deireadh, tabhair faoi deara gurb amhlaidh, sa chomhthéacs modheolaíoch reatha, go gcaitear leis an earnáil eachtrach mar earnáil iarmharach chun a chinntiú go gcothromaítear an córas iontrála dúbailte. Mar sin féin, tá roinnt meastachán trádála eachtraí díorthaithe ó Comtrade, bunachar sonraí de chuid na Náisiún Aontaithe.

Foinsí sonraí	An earnáil/na hearnálacha dá ndéantar difear
Meastacháin bhliantúla daonra (POS)	An earnáil tomhaltóirí
Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Airgeadais de chuid eagraíochtaí a bhaineann leis an spóirt, a tógadh ó thacar sonraí FAME	An earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála
An Fiosrúchán Bliantúil Seirbhísí (POS)	An earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála
An Daonáireamh (POS)	An earnáil tomhaltóirí
An tÁireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch (POS)	An earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Tuarascáil Bhliantúil 2018	An earnáil rialtais láir, an earnáil rialtais áitiúil, an earnáil spóirt pobail
An ráitheachán ar Thuilleamh agus Costais Saothair (POS)	An earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála, an earnáil rialtais láir, an earnáil rialtais áitiúil, an earnáil spóirt pobail
An Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh (POS)	An earnáil tomhaltóirí
An Suirbhé ar Thaisteal Teaghlaigh (POS)	An earnáil tomhaltóirí
Táblaí Ionchuir-Aschuir agus Táblaí Soláthair agus Úsáide (POS)	An earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála, an earnáil spóirt pobail, an earnáil rialtais láir, an earnáil rialtais áitiúil
Monatóir Spóirt na hÉireann, Tuarascáil Bhliantúil 2017	An earnáil rialtais láir, an earnáil spóirt pobail
Monatóir Spóirt na hÉireann, Tuarascáil Bhliantúil 2019	An earnáil rialtais láir, an earnáil spóirt pobail
Suirbhé Mhonatóir Spóirt na hÉireann	An earnáil rialtais láir, an earnáil spóirt pobail
Buiséid Údaráis Áitiúil, 2018	An earnáil rialtais áitiúil, an earnáil spóirt pobail
Dul chun cinn na hÉireann a thomhas, Oideachas (POS), <a href="https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-mip/measuringirelandsprogress2017/ed/">https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-mip/measuringirelandsprogress2017/ed/</a>	An earnáil rialtais láir
An Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta (POS)	An earnáil spóirt tráchtála, an earnáil neamhspóirt tráchtála, an earnáil spóirt pobail
Bunachar sonraí PRODCOM	An earnáil spóirt tráchtála
Tuarascáil Bhliantúil Spóirt Éireann 2018	An earnáil rialtais láir, an earnáil spóirt pobail
Bunachar sonraí na Náisiún Aontaithe um thrádáil i dtráchtarraí	An earnáil tomhaltóirí, an earnáil trádála eachtraí







SPÓRT ÉIREANN  
SPORT IRELAND

[www.sportireland.ie](http://www.sportireland.ie)

**Sheffield  
Hallam  
University**

Sport Industry  
Research  
Centre